



Oifig an
Rialaitheora Pleanála
Office of the
Planning Regulator

Tuarascáil Bhliantúil 2019

Comhlacht Maoirseachta Pleanála de Scoth an Domhain a Fhorbairt





Oifig an
Rialaitheora Pleanála
Office of the
Planning Regulator

Tuarascáil Bhliantúil 2019

Clár

Réamhrá leis an Rialaitheoir Pleanála	4
Cuid I: Gníomhaíochtaí a Thuairisciú & Gnóthaí Corparáideacha	7
Na Nithe a Dhéanaimid	8
Ár bhFreagrachtaí Reachtúla	9
Ár Struchtúr	11
Ár Straitéis	12
An Dúshraith a Leagan Síos	15
An Fhoireann a Chruthú	15
Ár nÁitreabh	15
Ár Modheolaíochtaí	16
Sonraí Spásúlachta a Bhainistiú	16
Measúnú agus Meastóireacht a dhéanamh ar Phleananna Reachtúla	17
Fógra a thabhairt maidir le Comhairliúcháin faoi Phleananna Reachtúla	17
Aighneachtaí ó ORP maidir le Pleananna Reachtúla	18
Moltaí agus Barúlacha ORP: Catagóirí Reachtaíochta	20
Aighneachtaí ó ORP maidir le Pleananna Reachtúla: Na Na Pleananna a Glacadh: Torthaí na moltaí ó ORP	23
Athbhreithnithe agus Scrúduithe ar Phleanáil	25
Athbhreithnithe	26
Athbhreithnithe	26
Gearáin a Láimhseáil	27
Oideachas, Oiliúint, Taighde agus Feasacht i measc an Phobail	34
Oideachas agus Oiliúint	34
Taighde	37
Feasacht i measc an Phobail	39
Caidreamh le Geallsealbhóirí	41
Gnóthaí Corparáideacha	44
Rialachas	44
Gnóthaí Corparáideacha	45
Faisnéis Airgeadais	50
Faisnéis faoin bhFoireann	52
Cuid II: Pleanáil i gComhthéacs	53

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 a thíolacadh don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (an tAire) agus do Thithe an Oireachtais de réir alt 31AH den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú.



Réamhrá leis an Rialaitheoir Pleanála

Tá lúcháir orm an Tuarascáil Bhliantúil tionscnaimh seo ó Oifig an Rialaitheora Pleanála (ORP) a chur i láthair. In 2019 a bunaíodh an ORP i gcomhréir le príomh-mholadh thuarascáil bhliantúil Bhinse Mahon, inar aithníodh go raibh gá le forléargas córasach ar phróiseas pleanála na hÉireann, arna fheidhmiú tríd an 31 údarás áitiúil, trí Thionól Réigiúnacha agus an Bord Pleanála.

Téann ár bpróiseas pleanála go díreach i gcion ar gach uile shaoránach sa Stát le freastal ar riachtanais bhonneagair tithíochta, fhisiciúil agus shóisialta, le cáilíocht ár gcomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú, agus le feidhmiú riachtanach eacnamaíochta na tíre a chumasú.

Is é ról an ORP:

- formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm bheartas pleanála reachtaíocht phleanála an Rialtais ag údarais áitiúla agus ag an mBord Pleanála;
- éifeachtacht a chinntiú maidir leis na córais agus ná nósanna imeachta a úsáideann údarais phleanála le linn seirbhísí pleanála a sholáthar don phobal agus thar ceann an phobail; agus
- cláir thaighde, oiliúna agus feachtais phoiblí a chur i bhfeidhm chun an próiseas pleanála a neartú agus chun rannpháirtíocht an phobail a chinntiú

Bhí cuid mhór dár n-obair in 2019 dírithe ar na córais riachtanacha, an pearsanra riachtanach agus an bonneagar riachtanach a bhunú d'fhonn ORP a chruthú as an nua. I **gCuid I** den tuarascáil seo, tugtar forléargas mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí seo agus ar ghníomhaíochtaí eile a ndeachaigh ORP ina mbun i rith na bliana 2019.

Cé go raibh dúshlán ag baint leis sin agus toradh maith air, is cúis mhór bróid dom

an fhoireann atá tugtha le chéile againn, ar foireann í ina gcuimsítear baill foirne agus gairmithe ardoilte díograiseacha a bhfuil dúthracht, coláisteacht agus tiomantas i leith luachanna seirbhíse poiblí léirithe acu ina gcuid oibre.

Tá an chéad Ráiteas Straitéise sé bliana ullmhaithe ag ár bhfoireann do ORP ina leagtar amach ár gcuid tosaíochtaí agus cúig sprioc mar seo a leanas.

- (1) Feidhmiú mar ghuth iontaofa neamhspleách i gcoirlár an chórais pleanála,
- (2) Feidhmiú go héifeachtúil chun feabhas a chur ar phróiseas pleanála na hÉireann,
- (3) Nuálaíocht agus foghlaim a chur chun cinn i measc ár gcuid geallsealbhóirí,
- (4) Eagraíocht athléimneach fhreagrúil a chur ar bun, agus í
- (5) Dírithe ar a cuid custaiméirí i dtaca lena spriocanna de.

Chuireamar tús lenár gcuid feidhmeanna reachtúla go léir in 2019 agus d'éirigh le cuid mhór de na himeachtaí agus den rannchuidiú a bhí ann i ndáil leis an bpróiseas náisiúnta pleanála. Bhuaileamar le líon mór dár ngeallsealbhóirí agus reáchtáladar imeachtaí oiliúna éagsúla ar fud na tíre ar imeachtaí iad nach bhféadfaí iad a reáchtáil murach tacaíocht agus rannpháirtíocht oifigeach agus bhaill thofa na n-údarais áitiúil

trí bhithin Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann.

Tá measúnuithe déanta againn ar phleananna reachtúla spásúlachta agus bhuaileamar le beagnach an leathchuid den 31 údarás áitiúla. Ina theannta sin, tá an réamhobair déanta againn le haghaidh clár athbhreithnithe na gcóras agus na nósanna imeachta a úsáideann údarais phleanála le linn seirbhísí pleanála a sholáthar.

Mar anailís bhreise chúlra le haghaidh na Tuarascála Bliantúla, rinne ORP anailís ar fheidhmiú phróiseas pleanála na hÉireann sa bhliain 2019 agus i gcomparáid le blianta beaga anuas.

Trí leas a bhaint as staitisticí de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh, na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Bhoird Pleanála, cuirtear tús i **gCuid II** den tuarascáil seo le próiseas athbhreithnithe bhliantúil a chuirfidh ORP i gcrích maidir le foinsí sonraí. Léiríonn na sonraí 10 bpríomhthreocht.

- Tá méadú suntasach tagtha ar na héilimh a dhéantar ar phróiseas pleanála na hÉireann, ar méadú é atá i gcomhréir leis na treochtaí atá ann le blianta beaga anuas agus tá na húdarais phleanála tar éis a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh i gcomhthéacs ualaí méadaithe oibre agus tá feabhas curtha acu ar an stoc ceadanna, go háirithe le haghaidh tithíochta, ar ceadanna iad atá á ngníomhachtú de réir ráta níos moille.
- Tháinig líon na bpleananna forbartha agus na bpleananna ceantair áitiúil de bheith an-íseal i gcomhréir leis an sos maidir le hathbhreithnithe ar phleananna den



Bhí cuid mhór dár n-obair i mbliain a haon dírithe ar na córais riachtanacha, an pearsanra riachtanach agus an bonneagar riachtanach a bhunú d'fhonn ORP a chruthú as an nua.

sórt sin de réir na reachtaíochta, ar sos é a tharla fad a bhí bailchríoch a chur fós ar phleananna agus ar straitéisí de chineál réigiúnach agus de chineál náisiúnta. Ós rud é gur críochnaíodh an obair sin le déanaí, tiocfaidh méadú suntasach tráthúil ar ghníomhaíochtaí pleanála chun cinn sa bhliain 2020 agus sna blianta ina dhiaidh sin agus, ar an dóigh sin, tabharfar aghaidh ar an líon méadaitheach phleananna a d'fhéadfadh a bheith as dáta leis na ceanglais reatha.

- Sa bhliain 2019, phróiseáil údarais áitiúla beagán le cos 32,000 iarratas pleanála agus, cé go raibh difríochtaí ann i dtaca leis na leibhéil d'iarratais phleanála neamhbhailí, ceadáíodh beagnach 90% de na hiarratais phleanála bhailí.
- Sa bhliain 2019, bhí an líon ceaduithe i leith forbairtí árasáin - rud atá an-tábhachtach i dtaca le forbairt uirbeach de - níos mó ná an líon ceaduithe i leith tithíochta den chéad uair riamh agus is iad na nithe a

d'imir tionchar air sin ná próiseas Forbartha Straitéisí Tithíochta an Bhoird Pleanála agus treoir athbhreithnithe náisiúnta maidir le forbairt árasáin agus Creat Náisiúnta Pleanála an Rialtais.

- Ceadaíodh 55% de na tithe ar fad i gceantar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre áfach sna ceithre chontae comaitéireachta lasmuigh de Bhaile Átha Cliath (Cill Dara, Lú, An Mhí, Cill Mhantáin), agus cruthaíonn sin deacracht do chuspóirí pleanála an Rialtais i ndáil le fás dlúth a bhaint amach i mBaile Átha Cliath agus i gceantair uirbeacha eile.
- Tháinig méadú faoi dhó ar thograí forbartha tionsclaíochta agus déantúsaíochta in 2019, agus tá arduithe móra tagtha ar an earnáil turasóireachta agus forbartha áineasa ó 2014, agus leagann sin béim ar an tábhacht atá leis an bpróiseas pleanála i ndáil le téarnamh agus dul chun cinn an gheilleagair.
- Áiríodh freagra an athraithe aeráide níos mó ná riamh mar thoradh ar an líon mór ceaduithe le haghaidh fuinneamh in-athnuaite ó thaobh fuinneamh gaoithe agus fuinneamh gréine de.
- D'fhan an líon achomharc chuig an mBord ag a leibhéal céanna, is é sin, rinneadh achomharc in aghaidh thart ar 7% de chinntí údaráis áitiúil agus rinneadh thart ar an gceathrú cuid de chinntí údaráis áitiúil a ndearnadh achomharc ina n-aghaidh a chur ar ceal.
- Tháinig méadú ar an líon agóidí dlíthiúla in aghaidh cinntí pleanála de chuid údaráis áitiúla agus an Bhoird, go háirithe maidir leis an nós imeachta i ndáil le measúnachtaí timpeallachta.
- Sa bhliain 2018, arb í an bhliain is déanaí í a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, ba é a bhí i méid iomlán tháillí na n-údarás i leith cúrsaí pleanála ná €24m i gcomhthéacs an chostais a tabhaigh an earnáil údaráis pleanála ina hiomláine arbh é a bhí ann

ná €140m. I bhfianaise na n-éileamh ar an bpróiseas pleanála, baineann tábhacht mhór le ráta gnóthaithe costas 17% agus leis na táillí pleanála atá i bhfeidhm ó bhí an bhliain 2001 ann. Tá tábhacht le samhail maoinithe inbhuanaithe chun seirbhísí pleanála a chur ar fáil, lena n-áirítear áiseanna níos fearr ar líne chun iarratais a chur ar aghaidh.

Tar éis dúinn torthaí ár gcéad bhliana a mheas, táimid in ann teacht roimh na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ann amach anseo, go háirithe an ról nach mór is féidir a bheith ag pleanáil chuí agus ag forbairt inbhuanaithe agus a chaithfidh siad a bheith acu le linn an dúshraith a leagan amach le haghaidh an téarnaimh náisiúnta tar éis phaindéim Covid-19.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas leis an Rialtas, leis an Aire Eoghan Murphy T.D., agus leis an Aire Stáit Damien English T.D. agus lena mbaill foirne go léir sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Murach iad ní bheadh sé ar chumas ORP tús a chur lena cuid oibre thábhachtach i ndáil le feabhas a chur ar phróiseas pleanála na hÉireann agus ar mhuinín an phobail sa phróiseas sin.




Niall Cussen
An Rialaitheoir Pleanála

Cuid

1

Gníomhaíochtaí a Thuairisciú & Gnóthaí Corparáideacha



Na Nithe a Dhéanaimid

Bunaíodh Oifig an Rialaitheora Pleanála (ORP) go foirmiúil i mí Aibreáin 2019 de bhun moltaí a rinne an Binse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Áirithe Pleanála agus Íocaíochtaí (Binse Mahon). Bhunaigh an Dáil an Binse sin sa bhliain 1997 agus d'eisigh sé a chúigiú tuarascáil, arb í a thuarascáil deiridh í, i Márta 2012.

Bunaíodh Oifig an Rialaitheora Pleanála (ORP) go foirmiúil i mí Aibreáin 2019 de bhun moltaí a rinne an Binse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Áirithe Pleanála agus Íocaíochtaí (Binse Mahon). Bhunaigh an Dáil an Binse sin sa bhliain 1997 agus d'eisigh sé a chúigiú tuarascáil, arb í a thuarascáil deiridh í, i Márta 2012.

Rinne Binse Mahon 64 moladh a raibh sé mar aidhm acu feabhas suntasach a chur ar thrédhearcacht na pleanála in Éirinn i gcomhthéacs easnamh shuntasacha stairiúla i ndáil le cinnteoireacht maidir le pleananna forbartha údaráis áitiúil agus maidir le feidhmeanna pleanála eile.

Bhí ceapadh Rialaitheoir Pleanála neamhspleách, ag a mbeadh cumhacht chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcóras pleanála in Éirinn, ar cheann de phríomh-mholtaí an Bhinse.

Cé nach comhlacht ceaptha beartais í ORP, is é an ról atá aici a chinntiú go ndéanann údaráis áitiúla an beartas agus an reachtaíocht maidir le cúrsaí pleanála a chur i bhfeidhm agus go dtacaíonn an Bord Pleanála le ceanglais bheartais agus reachtúla an Rialtais, go bhfuil cláir éifeachtacha taighde, oiliúna agus feasachta poiblí ann chun an próiseas pleanála a neartú, agus go bhfuil an pobal i gcoitinne rannpháirteach ar bhealach éifeachtach sa phróiseas pleanála.



Fíor 1: Cuan an Mhullaigh Mhóir, Co Shligigh

Ár bhFreagrachtaí Reachtúla

Leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, (an tAcht) tugtar bonn reachtúil do ORP ar dá réir a chomhlíonann sí trí phríomhfheidhm:

i. Measúnú ar Phleananna Reachtúla

De réir **ailt 31AM agus 31AO** den Acht, tá freagracht ar ORP i ndáil le meastóireacht neamhspleách a dhéanamh an bpleanáil chun cinn ar fad d'fhonn a chinntiú go ndéantar socrú leis an bplean maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair lena mbaineann. Áiríonn sé sin measúnú a dhéanamh ar phleananna forbartha cathrach agus contae, ar phleananna ceantair áitiúil agus ar athruithe/leasuithe ar phleananna den sórt sin.

Sa chéad ásc, cuireann ORP tuairimí agus/nó moltaí, de réir mar is infheidhme, ar fáil don údarás pleanála iomchuí, ar barúlacha/moltaí iad i dtaobh conas is ceart aghaidh a thabhairt sa phlean ar nithe a bhaineann le cúrsaí reachtaíochta agus beartais. Tar éis do ORP ionchuir reachtúla a chur ar fáil don phróiseas déanta plean, ní mór don údarás pleanála iomchuí a léiriú conas a thabharfar aghaidh ar na hionchuir sin agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair á gcur san áireamh.

Má tharlaíonn sé ina dhiaidh sin nach bhfuil plean atá glactha i gcomhréir leis na moltaí reachtúla, féadfaidh ORP fógra a eisiúint chuig an Aire á mholadh go mbainfear leas as cumhachtaí chun ordachán a thabhairt, mar atá sonraithe faoi alt 31 den Acht, ar cumhachtaí iad atá



Bhí ceapadh Rialaitheoir Pleanála neamhspleách ar cheann de phríomhmholtaí an Bhinse.

le húsáid chun iallach a chur ar an údarás pleanála aghaidh a thabhairt ar an ábhar.

ii. Athbhreithnithe agus Scrúduithe ar Phleanáil

De réir **ailt 31AS, 31AT agus 31AU** den Acht, féadfaidh ORP athbhreithniú a dhéanamh ar na córais agus ar na nósanna imeachta a úsáideann aon údarás pleanála, lena n-áirítear an Bord Pleanála, le linn dóibh aon cheann nó gach ceann dá bhfeidhmeanna pleanála a chomhlíonadh, agus moltaí neamhspleácha, fianaise-bhunaithe a dhéanamh d'údaráis phleanála agus don Aire.

Tá clár réamhghníomhach agus modheolaíocht á gcur i bhfeidhm ag ORP le haghaidh athbhreithnithe ionas go ndéanfar gach údarás áitiúil ar leith a athbhreithniú de réir thimthriall sé bliana.

Ina theannta sin, is féidir le ORP scrúdú a dhéanamh maidir le gearáin a dhéanann aon duine chuig ORP nó i gcás ina n-iarrann an tAire amhlaidh i leith údarás pleanála más rud é go mbaineann gearán den sórt sin le heagrú an údarais pleanála agus le heagrú na gcóras agus na nósanna imeachta a úsáideann sé i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht.


iii. Oideachas, Oiliúint agus Taighde

De réir **alt 31Q** den Acht, tá freagracht ar ORP i ndáil le cláir náisiúnta taighde, oideachais agus oiliúna, a spreagadh chun aird a tharraingt ar ról agus ar thairbhe

na dea-phleanála. Is féidir cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar do chomhaltaí tofa agus d'fhoireann de chuid údarais phleanála agus tionóil réigiúnacha.

Cabhraíonn an fheidhm oideachais, oiliúna agus taighde le huasmhéadú a dhéanamh ar aistriú eolais idir an 31 údarás áitiúil, na trí thionól réigiúnacha, an Bord Pleanála agus geallsealbhoirí ginearálta eile, amhail comhlachtaí gairmiúla agus grúpaí leasa agus, ar an dóigh sin, is cabhair í an fheidhm sin maidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht agus comhsheasmhacht a uasmhéadú ar fud an chórais pleanála.

Trí chroí-fheidhm ORP



Fíor 2: Croí-fheidhmeanna ORP

Ár Struchtúr

Chuir ORP tús lena hoibríochtaí ar an 3 Aibreán 2019.

Ceapadh Niall Cussen, Príomhfheidhmeannach agus Rialaitheoir Pleanála, mar an chéad Rialaitheoir Pleanála in Éirinn tar éis próiseas oscailte earcaíochta, agus tar éis moladh ón Rialtas, i mí na Nollag 2018.

I ndiaidh próiseas oscailte earcaíochta a bhí ar siúl i Meitheamh 2019, ceapadh Joanna McBride Uasal ina Stiúrthóir ar Thaighde, Oiliúint agus Seirbhísí Corparáideacha agus an tUasal Gary Ryan ina Stiúrthóir ar Athbhreithnithe agus Scrúduithe. Ceapadh Anne Marie O'Connor Uasal ina Leas-Rialaitheoir Pleanála i ndiaidh próiseas oscailte earcaíochta a cuireadh tús leis ag deireadh na bliana 2019.

Tá ORP roinnte ina trí mheitheal oibre mar atá leagtha amach thíos, i gcomhréir leis an trí fheidhm reachtúla. Tá gach meitheal oibre faoi stiúir Stiúrthóra le tacaíocht ó Stiúrthóir Cúnta faoi mar a bhfuil cur síos déanta air sa léaráid thíos

Meitheal na nAthbhreithnithe agus na Scrúduithe:

Pleanálaí Sinsearach, Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais.


An Meitheal Measúnaithe Pleananna:

Beirt Phleanálaithe Shinsearach, Oifigeach GIS, Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Feidhmiúcháin.

An Fhoireann Taighde, Oiliúna, Feasachta Poiblí agus Seirbhísí Corparáideacha:

Pleanálaí Taighde Sinsearach, Bainisteoir ICT, Oifigeach Cumarsáide, Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais.

Mapa Struchtúir Corparáideacha agus Fheidhmeanna Oifig an Rialaitheora Pleanála



Fíor 3: Mapa Struchtúir agus Fheidhmeanna ORP

Ár Straitéis

De réir alt 31T den Acht, rinneadh Ráiteas Straitéise ORP 2019-2024 a fhoilsiú ar an 2 Deireadh Fómhair 2019 tar éis comhairliúchán poiblí maidir le dréacht-leagan den Ráiteas Straitéise.

Leagtar amach sa straitéis spriocanna ardleibhéil, gníomhaíochtaí agus clocha míle ORP d'fhonn maith a dhéanamh d'fheidhmeanna reachtúla ORP. Tá an ráiteas ar fáil don phobal ar láithreán gréasáin ORP¹.

Fís

Is é fís ORP, faoi dheireadh ré an Ráitis Straitéise seo, go mbeidh ORP in ann an méid seo a leanas a rá:

- go bhfaigheann Éire tairbhe ó ordlathas pleanála atá comhordaithe go maith,

- ó chlár forleathan éifeachtach oideachais, oiliúna agus taighde atá curtha i bhfeidhm, ar clár é ar glacadh go maith leis agus a bhaineann le cúrsaí pleanála, agus
- agus go ndéanfar meon feabhsaithe leanúnaigh a chruthú in údaráis phleanála agus é bunaithe ar athbhreithnithe tráthrialta ar a bhfeidhmíocht.

Luachanna

Déantar cúig luach ORP a shainaithint mar a leanas sa straitéis:

1. Neamhspleáchas
2. Gairmiúlacht
3. Trédhearcacht
4. Rannpháirtíocht agus
5. Béim ar an gCustaiméir



Fíor 4: Luachanna ORP

¹ www.opr.ie/wp-content/uploads/2019/10/20191002-OPR-Strategy-Statement-Final-Text.pdf

“

Leagtar amach sa Straitéis spriocanna ardleibhéil, gníomhaíochtaí agus clocha míle ORP d'fhonn maith a dhéanamh d'fheidhmeanna reachtúla ORP



An Góbh, Co. Chorcaí

Na Príomh-Gheallsealbhóirí

Sa straitéis, admhaítear nach mór do ORP a bheith ag obair in éineacht le cuid mhór geallsealbhóirí, agus nach mór di ionchur na ngeallsealbhóirí sin a chur san áireamh, i dtaca leis an bpróiseas pleanála de, agus léiriú á thabhairt ar leasanna na ndreamanna agus na ndaoine seo a leanas:

- An pobal;
- An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil;
- Údaráis Phleanála, an Bord Pleanála, tionóil réigiúnacha agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC);
- Comhlachtaí gaolmhara rialála agus formhaoirseachta a bhfuil sainordú acu a bhaineann leis an réimse pleanála;
- An tOireachtas;
- Comhaltaí tofa na n-údarás áitiúil go léir;
- Gníomhaireachtaí stáit a bhfuil baint

reachtúil acu leis an bpróiseas pleanála agus daoine eile a dtéitear i gcomhairle leo agus a bhfuil baint reachtúil acu leis an bpróiseas pleanála;

- Comhlachtaí Tráchtála agus comhlachtaí Stát-tionscanta a ghabhann do bhonneagar straitéiseach a chur ar fáil;
- Comhlachtaí gairmiúla agus grúpaí sainleasa;
- Earnáil an Fhorais Náisiúnta um Ard-Oideachas (HEI);
- Tráchtairí saineolacha agus na meáin chumarsáide.

Na Spriocanna

Ina theanta sin sainaithníodh cúig phríomhspríoc sa straitéis, mar aon le gníomhartha comhfhreagracha maidir leis na spriocanna a bhaint amach, ar nithe iad a bheadh le cur i gcrích ag ORP thar ré na Straitéise. Tá na cúig sprioc leagtha amach sa ghrafaic faisnéise thíos.

Spriocanna an Ráitis Straitéise

SPRIOC A HAON

Cur leis an gcáil atá ar an eagraíocht mar ghlór soiléir, cothrom agus neamhspleách ar éifeachtacht phróiseas pleanála na hÉireann.

SPRIOC A DÓ

Nuálaíocht agus an fhoghlaim a chur chun cinn dóibh sin go léir atá ina ngeallsealbhóirí sa phróiseas pleanála.



SPRIOC A CÚIG

Eagraíocht athléimneach agus shofhreagrúil a chur ar bun atá tiomanta don fhoghlaim leanúnach.

SPRIOC A CEATHAIR

Eagraíocht ardfeidhmíochta agus éifeachtach a chruthú a thacaíonn le próiseas pleanála na hÉireann agus a chuireann feabhas air.

SPRIOC A TRÍ

Díriú ar riachtanais chustaiméirí agus iad sin a mbíonn ORP rannpháirteach leo.

Fíor 5: Spriocanna ORP

An Dúshraith a Leagan Síos

I rith na chéad bhliana tar éis an oifig a bhunú, bhí cuid shuntasach dár gcuid oibre dírithe ar an dúshraith a leagan síos a mbeadh gá léi chun ár n-eagraíocht a oibriú. D'áirigh an obair sin cúrsaí earcaíochta, áitreabh buan a aimsiú, agus tús a chur le dréachtú ár gcuid doiciméad inmheánach modheolaíochta agus, chomh maith leis sin, obair ar ár gcóras bainistíochta sonraí spásúlachta a chur ar aghaidh.

An Fhoireann a Chruthú

Faoi láthair, tá 21 bhuanbhall foirne² ag ORP, lena n-áirítear an Rialaitheoir Pleanála. Tar éis an oifig a bhunú, cuireadh roinnt feachtas earcaíochta i gcrích.

Fad a bhí an próiseas earcaíochta ar siúl bhí níos lú ná 10 mball foirne ann chun ORP a oibriú i rith an chuid is mó den bhliain 2019 agus, faoi dheireadh na bliana 2019, bhí méadú tagtha ar an líon sin chuig 15 bhall

foirne. Mar thoradh ar fheachtais earcaíochta a reáchtáladh ag deireadh na bliana 2019, earcaíodh cúigear ball foirne breise agus chuaigh na daoine sin i mbun a bpost ag tús na bliana 2020.

Ár nÁitreabh

Mar ullmhúchán i leith bhunú ORP fuarthas léas áitribh sealadach ag 77 Cé Sir John Rogerson i mBaile Átha Cliath 2.

Ina dhiaidh sin, chuireamar tús le cuardach chun teacht ar shuíomhanna ionchasacha le haghaidh áitreabh níos fadtéarmaí a d'oirfeadh d'fheidhmeanna ORP. Mar thoradh ar an gcuardach sin, chuathas i dteagmháil le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath) agus fuarthas spás oifige i dTeach na Páirce ar cuid de champas OT Baile Átha Cliath é i nGráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath 7 agus a bhfuil an forbairt ina leith á treorú de réir Chrios

² Amhail Bealtaine 2020.



Fíor 6: An Rialaitheoir Pleanála, Niall Cussen, an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Murphy, TD agus Joe Corr, Uachtarán Institiúid Pleanála na hÉireann (IPI), ag lainseáil fhoirmiúil Oifig an Rialaitheora Pleanála le linn Chomhdháil Náisiúnta IPI i Liatroim ar an 5 Aibreán 2019

Forbartha Straitéisí (CFS) an Rialtais i gcomhair athghiniúint an cheantair sin.

Mar thoradh ar chomhshuíomh ORP ar champas OT Baile Átha Cliath beidh sineirgíochtaí maithe ann ós rud é go bhfuil raon acmhainneachtaí oideachais, oiliúna agus taighde ar fáil tríd an scoil timpeallachta foirgnithe atá ann. Bheadh sineirgíochtaí ar fáil freisin i ndáil le rochtain éasca chostéifeachtach maidir le saoráidí cruinnithe agus seomraí oiliúna ar nithe iad sin a bheidh gá ag ORP leo.



Mar thoradh ar chomhshuíomh ORP ar champas OT Baile Átha Cliath beidh sineirgíochtaí maithe ann ós rud é go bhfuil raon acmhainneachtaí oideachais, oiliúna agus taighde ar fáil tríd an scoil timpeallachta foirgnithe atá ann.

Samhlaítear go mbeidh na hoifigí ar champas Ghráinseach Ghormáin réidh lena n-áitiú ag ORP sa bhliain 2020.

Ár Modheolaíochtaí

Chun ár gcuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh maidir le measúnú ar phleananna agus athbhreithnithe pleanála ar mhodh comhsheasmhach, cothrom, trédhearcach, chuireamar tús le hullmhú dhá mhodheolaíocht d'fhonn córais agus nósanna imeachta inmheánacha a leagan amach i leith (i) measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar phleananna reachtúla agus (ii) athbhreithnithe a dhéanamh ar na córais agus ar na nósanna imeachta a úsáideann údaráis

phleanála le linn seirbhísí pleanála a sholáthar.

Sa bhliain 2019, cuireadh tús le hobair ar an dá dhoiciméad modheolaíochta, lena n-áirítear comhairleoirí saineolacha a fháil le haghaidh gach ceann ar leith de na modheolaíochtaí, mar aon le tacaíochtaí comhairleacha a fháil, chun cabhair a thabhairt maidir le hullmhú na ndoiciméad sin. Cuireadh tús le comhairliúchán spriocdhírithe faoi mhodheolaíochtaí na n-athbhreithnithe i mí na Nollag, agus idirchaidreamh á dhéanamh leis an bpainéal comhairleach agus le geallsealbhoirí eile.

Leanfar den phróiseas comhairliúcháin ag tús na bliana 2020 agus samhlaítear go gcuirfear bailchríoch ar an dá dhoiciméad modheolaíochta, agus go bhfoilseofar iad, sa dara leath den bhliain 2020.

Scrúdaigh ORP cuir chuige chomh maith i ndáil le breithnithe aeráide a chomhtháthú nuair a bhí pleananna reachtúla á n-ullmhú in 2019 agus é mar aidhm leis eolas a dhéanamh do threoirilínte reachtúla a bheidh le foilsiú ag an Aire amach anseo

Sonraí Spásúlachta a Bhainistiú

Príomhspríoc de chuid ORP is ea nuálaíocht agus foghlaim a spreagadh i measc na ngeallsealbhoirí go léir a bhfuil baint acu leis an bpróiseas pleanála. Tá Córas Faisnéise Geografaí (GIS) a fhorbairt riachtanach i dtaca le cúrsaí pleanála de. Is éard atá i gceist leis sin má cur leis na córais atá ann cheana, atá bunaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ag údaráis chun tacaíocht a thabhairt maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus chun a chinntiú go bhfuil próisis pleanála fhianaise-bhunaithe ann.

Sa bhliain 2019, díriodh ar an mbonneagar riachtanach GIS agus TF a chur ar fáil chun tacú le Córas Faisnéise Geografaí den sórt sin a éascóidh feidhmchláir mhapála GIS a bhaineann le déanamh pleananna reachtúla a chur ar láithreán gréasáin ORP níos déanaí sa bhliain 2020.

Measúnú agus Meastóireacht a dhéanamh ar Phleananna Reachtúla

De réir fhorálacha ailt 31AM agus 31AO den Acht, tá sé de cheangal ar ORP measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar phleananna forbartha údarás áitiúil agus ar phleananna ceantair áitiúil tar éis fógra a fháil ag céimeanna sainithe de chuid an phróisis déanta pleananna³.

Ar roinnt cúiseanna, níor ghnáthbhliain í an bhliain 2019 i dtaca le measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar phleananna reachtúla. Ní hamháin go raibh an bhliain níos giorra ná an ghnáthbhliain, ós rud é gur bunaíodh an eagraíocht i mí Aibreáin 2019, ach bhí an líon athbhreithnithe ar phleananna forbartha teoranta mar gheall ar cheanglais alt 11(1)(b) den Acht ar dá réir a cuireadh siar an t-athbhreithniú ar phleananna forbartha fad a bheadh na trí Straitéis Réigiúnacha Eacnamaíochta agus Spásúlachta (RSES-anna) á ndéanamh sna blianta 2019 agus 2020.

Sa chéad bhliain tar éis bhunú ár n-eagraíochta, b'ionann na míonna tosaigh agus tréimhse foghlama i ndáil leis an gcur

chuige ab oiriúnaí chun measúnuithe agus meastóireachtaí a dhéanamh de réir na bhforálacha reachtach nua. I rith na míonna tosaigh, bailíodh faisnéis maidir le forbairt modheolaíochta i leith measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar phleananna reachtúla agus cuirfear bailchríoch ar an modheolaíocht sin sa bhliain 2020.

Fógra a thabhairt maidir le Comhairliúcháin faoi Phleananna Reachtúla

Tá sé de cheangal ar údaráis phleanála fógra a thabhairt do ORP ag céimeanna sonraithe den phróiseas déanta pleananna.

Sa bhliain 2019, bhain an chuid is mó de na fógraí le hathruithe ar phleananna forbartha agus ar dhréachtphleananna ceantair áitiúil. Fuair ORP fógraí maidir le Comhairliúchán faoi 30 plean reachtúla san iomlán de réir mar atá leagtha amach i dTábla 1 (nóta: sa bhliain 2019, sular bunaíodh ORP, fuair an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil fógraí maidir le Comhairliúchán faoi 13 phlean reachtúla eile, gan RSES-anna a áireamh).

Tábla 1: Fógra a thabhairt maidir le Comhairliúcháin faoi Phleananna Reachtúla

Iomlán	30
Páipéar Saincheisteanna	4
Dréachtphlean forbartha	1
Dréachtathruithe ar phlean forbartha	12
Athruithe ábhartha ar dhréachtphlean forbartha/ar dhréachtathrú	0
Dréachtphlean ceantair áitiúil	9
Dréachtleasú ar phlean ceantair áitiúil	1
Athruithe ábhartha ar dhréachtphlean ceantair áitiúil/ar leasú ar dhréachtphlean ceantair áitiúil	3

³ Tá aighneachtaí uile ORP a eisíodh chuig údaráis áitiúla faoi ailt 31AM agus 31AO den Acht ar fáil ag: www.opr.ie/evaluation-of-statutory-plans/

Aighneachtaí ó ORP maidir le Pleananna Reachtúla

Déanann ORP aighneachtaí chuig údaráis áitiúla ag na céimeanna éagsúla le linn plean a dhéanamh agus d'fhéadfadh moltaí agus/nó barúlacha a bheith ann sna haighneachtaí sin.

Eisítear moltaí maidir le nithe a meastar ina leith gur sárú ábhartha ionchasach iad ar cheanglais reachtaíochta nó beartais agus ar nithe iad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhordú ceanglas pleanála de chineál náisiúnta, de chineál réigiúnach agus de chineál áitiúil. D'fhéadfadh mainneachtain moladh a chomhlíonadh a bheith ina cúis, sa deireadh, le hOrdachán ón Aire a eisiúint faoi alt 31 den Acht.

Tábla 2: Aighneachtaí ó ORP maidir le Pleananna Reachtúla

	An Líon Pleananna	Tuairimí (an líon)	Moltaí (an líon)
Iomlán	25	16	31
Páipéar saincheisteanna (tuairimí amháin)	3	12	0
Dréachtphean forbartha	0	0	0
Athruithe ar phlean forbartha	9	2	5
Dréachtphean ceantair áitiúil	9	2	24
Leasú ar phlean ceantair áitiúil	1	0	0
Athruithe ábhartha ar dhréachtphean forbartha/ar athrú ar dhréachtphean forbartha	0	0	0
Athruithe ábhartha ar dhréachtphean ceantair áitiúil/ar leasú ar dhréachtphean ceantair áitiúil	3	0	2


Sa bhliain 2019, bhí moltaí nó tuairimí ann i 75% dár gcuid aighneachtaí faoi phleananna.

I dtéarmaí miondealú réigiúnach, bhain 60% dár gcuid aighneachtaí sa bhliain 2019 le pleananna reachtúla na n-údarás pleanála i dTionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA), bhain 36% le pleananna na n-údarás pleanála i dTionól Réigiúnach an Deiscirt (SRA) agus bhain 4% le pleananna na n-údarás pleanála i dTionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA)


Gabhann gné chomhairleach le barúlacha agus, de ghnáth, eisítear iad maidir le nithe atá roghnach nó nach bhfuil chomh tábhachtach céanna le moltaí, agus is minic a eisítear iad i gcomhthéacs ceanglais leathana reachtaíochta agus/nó beartais i gcás nach bhfuil aon sárú ábhartha i gceist. I measc na nithe a phléitear in aighneachtaí ag céim an pháipéir saincheisteanna, áirítear barúlacha de ghnáth agus ní hiondúil go ndéantar moltaí ag an gcéim seo de phróiseas séanta an phlean.

Chuir ORP 25 aighneacht san iomlán chuig údaráis áitiúla sa bhliain 2019 de réir mar atá leagtha amach i dTábla 2.

Léiríonn sé seo gurbh é RSES Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre an chéad cheann de na trí RSES-anna a glacadh (is é sin, i Meitheamh 2019), rud a spreag athbhreithniú ar na pleananna forbartha contae agus cathrach sa réigiún sin. Ach bheifí ag súil go n-ullmhódh ceantar EMRA líon níos mó pleananna don réigiún mar gheall ar an daonra níos mó atá ann agus mar gheall ar an ngníomhaíocht eacnamaíochta atá ar siúl ann.



Fíor 6: Údaráis Áitiúla agus Tionóil Réigiúnacha in Éirinn agus Údaráis Áitiúla i dTuaisceart Éireann



Fíor 7: Aighneachtaí ó ORP de réir Tionól Réigiúnach

Moltaí agus Barúlacha ORP: Catagóirí Reachtaíochta

Tá aighneachtaí ORP maidir le pleananna reachtúla bunaithe ar an mbreithniú a dhéantar i dtaobh na nithe seo a leanas i dtaca le cúrsaí reachtaíochta agus beartais de:

- Comhsheasmhacht le forálacha reachtacha i gcás pleananna reachtúla de reir mar a fhoráiltear faoin Acht;
- Comhsheasmhacht le forálacha reachtacha i ndáil le gníomhartha dtugtar aghaidh ar Athrú Aeráide ;
- Comhsheasmhacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (CNP);
- Comhsheasmhacht leis an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta iomchuí (RSES);
- Comhsheasmhacht leis an bPlean Forbartha iomchuí;
- Comhsheasmhacht le Straitéis Iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair (má bhaineann

an t-ábhar le Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath);

- Treoirínte iomchuí d'údaráis Phleanála atá foilsithe ag an Aire faoi alt 28 den Acht, lena n-áirítear comhsheasmhacht le ceanglais shonracha de chuid beartas pleanála (SPPR-anna) atá sonraithe sna treoirínte sin agus, chomh maith leis sin, treoracha beartais atá eisithe ag an Aire faoi Alt 29 den Acht.

Maidir le **moltaí**, ba léir na patrúin seo a leanas a bheith ann sa bhliain 2019:

- Bhain an chatagóir ba mhinice a luadh faoin gceannnteideal 'moltaí' le cúrsaí beartais faoi threoirínte alt 28 (is é sin, 39% de na haighneachtaí iomchuí). Go háirithe, bhí siad sin dírithe ar na treoirínte a bhí foilsithe i ndáil le Bainistiú Riosca Tuile (2009), i ndáil le Pleananna Ceantair Áitiúil (2013), i ndáil le Pleananna Forbartha (2007), agus i ndáil le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta (2012).


⁴ Le linn do ORP measúnacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chéimeanna déanta pleananna faoi alt 31AM(2)(a) den Acht, féachfaidh sí lena chinntiú go ndíríonn sí ar ábhair reachtacha agus bheartais de réir scóip alt 10 agus, go háirithe, de réir fho-alt (2)(n) den alt sin, a mhéid a bhaineann le hathrú aeráide.



“

Bhain an chatagóir ba mhinice a luadh faoin gceannnteideal 'moltaí' le cúrsaí beartais faoi threoirínte alt 28

Droichead Iarnróid os cionn na Siúire, An Chathair, Co. Tiobraid Árann



Fíor 8: Minicíocht na gcatagóirí reachtacha i moltaí ORP


- Bhain an chéad chatagóir eile ba mhinice a luadh sna moltaí le comhsheasmhacht le hordlathas na bpleananna (comhsheasmhacht le pleananna forbartha: 32% de na moltaí; agus comhsheasmhacht le RSES: 29% de na moltaí). Maidir leis an mbéim ar chomhsheasmhacht le pleananna forbartha agus le RSES-anna, seachas comhsheasmhacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála, tharla sé mar thoradh ar an gcion ard pleananna ceantair áitiúil a measúnaíodh, ar pleananna iad a gceanglaítear ina leith go mbeidh siad comhsheasmhach leis an bplean forbartha iomchuí agus ní mór an plean forbartha sin a bheith comhsheasmhach leis an gCreat Náisiúnta Pleanála.

Maidir le **tuairimí**, ba léir na patrúin seo a leanas a bheith ann sa bhliain 2019:

- Bhain an chuid is de thuairimí ORP (is é sin, 75%) le páipéir saincheistanna i leith pleananna forbartha. Ó tharla go ngabhann gné straitéiseach le páipéir saincheistanna de ghnáth agus nach gnách cuspóirí beartais bheartaithe

a bheith i gceist leo, is iondúil gurb é a leanann as measúnuithe agus as meastóireachtaí ag céim athbhreithnithe na bpleananna ná tuairimí, agus an méid sin amháin, a thíolacadh. Bhain na tuairimí eile le dhá dhréacht LAP agus athrú beartaithe ar phlean forbartha.

- Bhain na catagóirí ba mhinice a ndearnadh tagairt dóibh dtuairimí faoi pháipéir saincheistanna le deimhin a dhéanamh de go mbeadh an dréachtphean forbartha a bheadh ann ina dhiaidh sin comhsheasmhach leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus leis an RSES. Bhain 92% de na tuairimí iomlána maidir le páipéir saincheistanna le comhsheasmhacht leis an NPF, agus bhain breis is dhá thrían de na tuairimí le comhsheasmhacht leis an RSES. Léiríonn sin fócas ORP ar chuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála a chur i bhfeidhm i bpleananna forbartha contae agus cathrach.
- Bhí comhsheasmhacht le forálacha reachtacha maidir le hathrú aeráide ina treoht thábhachtach freisin, rud ba chúis le tuairimí a cur ar fáil sa tríú cuid de na haighneachtaí go léir.



Fíor 9: Minicíocht na gcatagóirí reachtacha i dtuairimí ORP faoi pháipéir saincheistanna

Aighneachtaí ó ORP maidir le Pleananna Reachtúla: Na Príomhthéamaí

Léiríonn athbhreithniú mionsonraithe ar na tuairimí agus ar na moltaí atá leagtha amach inár n-aighneacht faoi phleananna reachtúla líon áirithe saincheistanna ginearálta téamacha a tháinig chun cinn go minic sa líon teoranta pleananna a measúnaíodh sa bhliain 2019 nó a tháinig chun cinn i gcás criticiúil.

Ba é a bhí sa téama ba choitianta i measúnuithe ORP sa bhliain 2019 ná a chinntiú go ndearnadh socrú leordhóthanach i bpleananna beartaithe ceantair áitiúil i leith comhsheasmhachta amach anseo le cuspóirí an RSES iomchuí a bhí le cur san áireamh sa phlean forbartha de réir ceanglais reachtaíochta faoi alt 11(1)(b) den Acht. Ach, sa dara leath den bhliain, ní raibh an tsaincheist sin ann chomh minic céanna de réir mar a tháinig údarais phleanála chun bheith níos eolasaí faoin ngá le déileáil leis an ábhar. Dá bhrí sin, is dócha nach mbeidh an tsaincheist sin ina ábhar chomh tábhachtach céanna sa bhliain 2020.

Téama forleathan eile ab ea comhsheasmhacht le cuspóirí CNP agus RSES a mhéid a bhain le dáileadh fhás an daonra trí bhithin croí-straitéisí agus ordlathais lonnaithe, lena n-áirítear a mhéid a bhain le forbairt agus soláthar bonneagair a chéimniú agus leis an gcur chuige maidir le críosú úsáide talún. I bhfianaise na dteorainneacha ama atá i gceist maidir le CNP agus RSES a chur san áireamh i bpleananna forbartha na n-údarás pleanála meastar go mbeidh an t-ábhar sin ina shaincheist thábhachtach sa bhliain 2020 freisin.

Bhain tríú téama a bhí ann sa bhliain 2019 le maolú agus oiriúnú i leith athrú aeráide, lena n-áirítear cuspóirí éigeantacha maidir le gníomhartha ar son na haeráide a áireamh i bpleananna forbartha de réir alt 10(2)(n) den Acht. Áirítear an méid seo a leanas i measc na nithe atá le breithniú i ndáil leis an tsaincheist seo:

- Breithniú cuí agus pleanáil chuí a dhéanamh i ndáil leis an riosca tuile i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le

Bainistiú an Riosca Tuile (2009), rud atá ina bhunghné den cheanglas i leith oiriúnú don athrú aeráide.

- Bearta a chur chun cinn chun laghdú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí bhithin straitéisí inbhuanaithe lonnaíochta agus iompair, rud atá fíorthábhachtach i leith aghaidh a thabhairt ar mhaolú an athraithe aeráide.
- An ceanglas maidir le rannchuidiú leis na spriocanna foriomlána náisiúnta i ndáil le fuinneamh in-athnuaite agus maolú an athraithe aeráide a bhaint amach de réir threoirlínte alt 28 (Treoirlínte Eatramhacha

d'Údaráis Phleanála maidir le Pleananna Reachtúla, Fuinneamh In-Athnuaite agus Athrú Aeráide 2017).

Meastar go leanfaidh an t-ábhar seo de bheith ina théama suntasach dár gcuid measúnuithe go ceann tamall de bhlianta ina dhiaidh seo.

Cé nár tháinig an t-ábhar deiridh seo chun cinn ach uair amháin, bhí an cur chuige comhtháite i leith pleanáil mhiondíola de réir Threoirlínte Alt 28 maidir le Pleanáil Mhiondíola ina ábhar tábhachtach a bhí le breithniú sa bhliain 2019.



Fíor 10: An próiseas déanta pleananna

Na Pleananna a Glacadh: Torthaí na moltaí ó ORP

Sa bhliain 2019, ghlac údaráis áitiúla 11 phlean san iomlán agus ba phleananna iad sin a raibh measúnú agus meastóireacht déanta ag ORP orthu. D'eisíomar moltaí (10 gcinn ar fad) i leith sé cinn de na pleananna beartaithe sin. Seo a leanas na torthaí a d'éirigh as moltaí ORP mar atá leagtha amach i dTábla 3 thíos:

Tábla 3: Na Pleananna a Glacadh - Toradh na Moltaí ó ORP

An Plean	An tÚdarás Áitiúil	Ar Eisíodh Moladh?	An Toradh
Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Ógáin agus an Cheantair Máguaird 2019-2025	Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	Eisíodh (4)	Tugadh aghaidh go substaintiúil ar an moladh
Plean Ceantair Áitiúil Uíbh Ráthaigh Thiar 2019-2025	Ciarraí	Eisíodh (1)	Tugadh aghaidh go substaintiúil ar an moladh
Plean Ceantair Áitiúil Cheantar na Páirce Thiar - Ghort na Silíní 2019	Cathair Bhaile Átha Cliath	Eisíodh (1)	Tugadh aghaidh go substaintiúil ar na moltaí
Plean Ceantair Áitiúil Chill Mocheallóg 2019-2025	Luimneach	Eisíodh (1)	Tugadh aghaidh go substaintiúil ar na moltaí
Plean Ceantair Áitiúil Léim an Bhradáin 2020-2026	Cill Dara	Eisíodh (2)	Tugadh aghaidh go substaintiúil ar an moladh
Athruithe 4 & 5 ar Phlean Forbartha Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2016-2022	Baile Átha Cliath Theas	Eisíodh (1)	Tugadh aghaidh go substaintiúil ar an moladh

Sa bhliain 2019, níor eisigh an tAire aon ordacháin faoi alt 31 den Acht i ndáil le pleananna forbartha nó pleananna ceantair áitiúil a raibh meastóireacht déanta ag ORP orthu.

Athbhreithnithe agus Scrúduithe ar Phleanáil

De bhreis ar ról formhaoirseachta ORP maidir le pleanáil chun cinn, sainordaítear do ORP, faoi Chaibidil IV ('Feidhmeanna Pleanála a Athbhreithniú') de Chuid IIB den Acht, athbhreithniú a dhéanamh ar na córais agus ar na nósanna imeachta a úsáideann údaráis áitiúla agus an Bord Pleanála le linn dóibh a bhfeidhmeanna pleanála a chomhlíonadh. Luaitear trí chomhthéacs san Acht i gcomhair na n-athbhreithnithe sin:

Alt 31AS	I gcás ina measann ORP gur gá nó gur cuí athbhreithniú den sórt sin.
Alt 31AT	Ar thionscnamh an Aire.
Alt 31AU	Scrúdú ar ghearán a bhaineann le heagrú údaráis pleanála agus ar córais agus ar na nósanna imeachta a úsáideann sé i ndáil lena fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht.

Is iad na forálacha reachtúla sin an bonn ar dá réir a chomhlíonann ORP a fhreagracht i ndáil le formhaoirseacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí éifeachtacha pleanála don phobal. Cé go bhfuil cumhachtaí áirithe ag an Aire faoi Acht, neartaíonn tabhairt isteach na nósanna imeachta foirmiúla sin socruithe institiúideacha go suntasach d'fhonn feidhmiú cuí agus iomláine an chórais pleanála a chinntiú

Athbhreithnithe

Mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise ORP, tá clár córasach athbhreithnithe á chur i gcrích aici agus, de réir an chláir sin, déanfar athbhreithniú ginearálta ar fheidhmeanna pleanála na n-údaráis áitiúil go léir, agus ar fheidhmeanna pleanála an Bhoird, rud a dhéanfar ar bhonn timthrialla

Tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh cur

i gcrích chlár na n-athbhreithnithe mar acmhainn don earnáil phleanála agus, de bhreis ar aird a tharraingt ar réimsí a bhféadfadh feabhsú a bheith ag teastáil ina leith, tá sé beartaithe gurb é a leanfaidh as ná dea-chleachtas agus gnóthachtálacha a shainaithint agus foghlaim den sórt sin a chur chun cinn i measc na n-údarás pleanála.

Sa bhliain 2019, lena chinntiú go ndéantar clár na n-athbhreithnithe a chur i gcrích ar bhealach comhsheasmhach, i dtaca le cur chuige, cothroime agus soiléire do gheallsealbhóirí de, chuir ORP tús le forbairt Modheolaíochta le haghaidh Athbhreithnithe d'fhonn an nós imeachta a struchtúrú ar bhealach 'céim ar chéim'.

Chun cúnamh a chur ar fáil le linn an mhodheolaíochta a fhorbairt, bunaíodh painéal comhairleach a bhfuarthas a chuid ball ó phríomheagraíochtaí geallsealbhóra amhail an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil, an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta & Iniúchóireachta, earnáil na n-údarás áitiúil, an Bord Pleanála agus na hinstiitíidí náisiúnta pleanála. Thionóil ORP cruinnithe leis an bpainéal sin trí huaire i Ráithe 4 den bhliain 2019.

De bhreis ar theagmháil a dhéanamh leis na príomh-gheallsealbhóirí tríd an bpainéal comhairleach, chuir ORP tús le próiseas comhairliúcháin níos leithne i mí na Nollag 2019 chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le gach ceann ar leith de na comhlachtaí atá forordaithe faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, le hearnáil na n-údarás áitiúil i gcoitinne agus le príomheagraíochtaí eile ar díol spéise dóibh feidhmíocht i dtaca le cúrsaí pleanála de.

Tá sé beartaithe ag ORP clár na n-athbhreithnithe a chur i bhfeidhm sa dara leath den bhliain 2020 tar éis

bailchríoch a chur ar an Modheolaíocht le haghaidh Athbhreithnithe agus tar éis an Mhodheolaíochta a fhoilsiú.

Gearáin a Láimhseáil

Sa bhliain 2019, chun aghaidh a thabhairt go cuí ar an bhforáil reachtach nua seo sa chóras pleanála, chuir ORP tús le cur i bhfeidhm a feidhme maidir le láimhseáil gearán. D'áirigh sé sin earcú na mball foirne a bhí ag teastáil, anailís a dhéanamh ar an gcóras próiseála atá leagtha amach in alt 31AU den Acht, agus cur i bhfeidhm na nósanna imeachta a bhaineann le láimhseáil cásanna agus le teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla. Leanfar den obair forbraíochta sa bhliain 2020 agus, in am trátha, cuirfear sainchóras TF láimhseála gearán i bhfeidhm.

In alt 31AU, leagtar síos caighdeán ard i leith gearán a bheith inghlactha lena scrúdú go foirmiúil de réir forálacha reachtúla. Sa chéad ásc, le gur féidir a mheas go bhfuil gearán bailí, ní mór baint a bheith aige le heagrú údaráis pleanála lena mbaineann agus le heagrú na gcóras agus na nósanna imeachta a úsáideann sé i ndáil lena fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht.

Tar éis an méid sin a bhreithniú, déanann ORP réamhscrúdú ar ghearán bailí agus d'fhéadfadh bailiú faisnéise ábhartha a bheith i gceist leis sin, lena n-áirítear faisnéis a bhailiú ón údarás áitiúil lena mbaineann. Chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ceart scrúdú foirmiúil a dhéanamh ar an ngearán, ní mór do ORP, sular féidir tús a chur le scrúdú foirmiúil reachtúil, a bheith den tuairim gurb ann do cheann amháin de na saincheisteanna atá leagtha amach in alt 31AU(2), fo-ailt (a) go (f), de réir mar atá liostaithe thíos.

Le gur féidir scrúdú foirmiúil reachtúil a dhéanamh ar bhonn an ghearán a dhéantar agus na faisnéise cúlra ábhartha, ní mór



In alt 31AU, leagtar síos caighdeán ard i leith gearán a bheith inghlactha lena scrúdú go foirmiúil de réir forálacha reachtúla

do ORP teacht ar an tuairim maidir leis an údarás pleanála lena mbaineann:

- (a)** go bhféadfadh sé nach bhfuil sé ag comhlíonadh a fheidhmeanna de réir an Achta;
- (b)** nach bhfuil sé ag comhlíonadh treoirlínte agus ordacháin bheartais faoi Ailt 28 agus 29 den Acht faoi seach;
- (c)** go bhféadfadh sé go bhfuil sé ag cur caighdeáin mhíchuí maidir le cleachtas riaracháin chun feidhme nó go bhfuil sé ag gníomhú contrártha do riaradh fóna;
- (d)** go bhféadfadh sé go bhfuil idirdhealú córasach á chur chun feidhme aige i seoladh a fheidhmeanna;
- (e)** go bhféadfadh sé go bhfuil sé ag oibriú ar mhodh atá míchuí nó lena ngabhann baol an éilithe; nó
- (f)** go bhféadfadh go bhfuil sé ag oibriú ar mhodh lena mbaineann díbharainneachtaí nó mí-éifeachtúlachtaí tromchúiseacha.

Ina theannta sin, cuirtear toirmeasc ar ORP leis an Acht i leith a fheidhmeanna a fheidhmiú i ndáil le haon chás ar leith a

bhfuil údarás pleanála nó an Bord bainteach leis nó a bhféadfadh údarás pleanála nó an Bord a bheith bainteach leis. Dá réir sin, ní fhéadfaidh baint a bheith ag gearáin le cásanna ar leithligh amháin iarratais agus achomhairc maidir le cúrsaí pleanála, agus gníomhartha forfheidhmiúcháin.

Go hachomair, tá an caighdeán a bhaineann le gearán a dhéanamh chuig ORP de chineál a fhágann go bhfuil gá le fianaise ar shárúithe suntasacha sistéamacha ar nósanna imeachta i gcomhthéacs patrún cinnteoireachta.

Na Cineálacha Cásanna


D'ainneoin an méid sin thuas, de bhreis ar ghearáin ionchasacha, déileálann ORP leis an bpobal i ndáil le comhfhreagras a bhaineann le hábhair éagsúla i leith cúrsaí pleanála, lena n-áirítear fiosruithe agus aighneachtaí. Go hiondúil, i dtaca le fiosruithe de, bítear ar lorg soiléiriú i ndáil le hoibriú gnéithe sonracha den phróiseas pleanála ach, i dtaca le haighneachtaí de, is gnách go dtarraingítear aird iontu ar shaincheistanna a bhaineann leis an mbeartas náisiúnta pleanála nó le forálacha reachtúla agus is minic a bhíonn cás-staidéir nó fianaise eile ag gabháil leo.

Déantar an comhfhreagras ar fad a fhaightear a thaifeadh mar chásanna. Tar éis comhfhreagras a fháil, breithníonn ORP mionsonraí an cháis agus, mar thoradh ar an mbreithniú sin, aicmeofar é mar ghearán ionchasach, mar fhiosrú ginearálta nó mar aighneacht maidir le nithe ar díol spéise ginearálta iad.

Idir mí Aibreáin agus deireadh mhí na Nollag 2019, fuair ORP 131 chás ar leithligh. Ach is ó dhaoine aonair éagsúla a fuarthas 41 cheann díobh sin agus bhain siad sin ar fad leis an tsaincheist shonrach áitiúil chéanna. Dá réir sin, chun críocha na tuarascála seo, meastar gur aon chás amháin atá i gceist leis an 41 chás sin agus, dá bhrí sin, cuirtear an anailís anseo thíos i láthair sa chomhthéacs go

bhfuarthas 91 chás uathúil sa bhliain 2019.

I bhFíor 11 thíos, léirítear an miondealú ar an 91 chás uathúil a fuarthas. Maidir leis na cásanna a fuarthas, bhain 59% díobh le gearáin ionchasacha agus ba ghá breithniú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs alt 31AU, bhain 25% díobh le fiosruithe maidir le cúrsaí pleanála agus ba aighneachtaí ginearálta iad an chuid eile.



Fíor 11: Cásanna ORP sa bhliain 2019

Cé gur féidir roinnt cásanna a láimhseáil ar bhealach measartha simplí, baineann cuid mhór de na cásanna le breithniú a dhéanamh ar mhéideanna móra mionsonraí casta teicniúla agus d'fhéadfadh go mbeadh le faisnéis bhreise a bhailiú d'fhonn an bealach is fearr chun déileáil leo a chinneadh. Le linn cásanna a phróiseáil, go háirithe a mhéid a bhaineann le gearáin, is minic a bhíonn gá le gabháil do shraith comhfhreagrais leis an gcustaiméir agus leis an údarás áitiúil iomchuí. Mar léiriú ar an méid oibre atá i gceist, is amhlaidh, cé gur oscail ORP 131 chomhad cás sa bhliain 2019, go bhfuarthas 321 mhír comhfhreagrais ar leithligh ó chustaiméirí i ndáil leis na cásanna sin.


Gearáin a bhreithniú

Léirigh daoine den phobal spéis ar leith in obair na heagraíochta sa bhliain 2019, go háirithe cumhachtaí ORP chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus ar chineálacha eile cásanna. Táimid tiomanta i leith sásra cóir neamhspleách a chur ar fáil chun glacadh le gearáin den sórt seo, agus chun scrúdú a dhéanamh orthu, agus rachaimid i dteagmháil leo siúd a chuireann gearáin faoinár mbráid agus féachfaimid le cabhrú leo a mhéid is féidir.

Mar atá luaite thuas, leagtar síos caighdeán ard reachtúil in alt 31AU den Acht i ndáil le gearán a bheith inghlactha lena mheas ina leith gur gearán bailí é agus, ina dhiaidh sin, é a scrúdú go foirmiúil de réir an Achta.

Maidir leis an 91 chás a fuarthas sa bhliain

2019, bhain 54 cinn díobh le gearáin ionchasacha. Maidir leis na gearáin ionchasacha ní raibh ach 15% díobh (ocht gcás) ina gcásanna ar measadh ina leith go raibh siad bailí i gcomhthéacs chúram sonrach reachtúil ORP. Maidir leis na gearáin ionchasacha ní raibh ach 15% díobh (ocht gcás) ina gcásanna ar measadh ina leith go raibh siad bailí i gcomhthéacs chúram sonrach ORP. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh ar na saincheistanna a bhí i gceist, déileáladh mar a leanas leis na hocht gcás sin: níor seasadh leis na gearáin i gcúig chás; réitíodh dhá chás trí chúnamh a thabhairt ar mhodh soiléiriú tar éis do ORP dul i dteagmháil leis na húdaráis iomchuí; agus, maidir le cás amháin, bhí gá le tuilleadh faisnéise sula bhféadfaí an t-ábhar a bhreithniú tuilleadh. Tá léiriú le fáil air sin i bhFíor 12.



Fíor 12: Gearáin a rinneadh le ORP sa bhliain 2019

D'ainneoin nach ndearnadh aon scrúdú foirmiúil reachtúil, de réir bhrí alt 31AU den Acht, a sheoladh mar thoradh ar chásanna a ardaíodh sa bhliain 2019, ní hionann sin agus a rá nach bhaineann fiúntas le nithe a ardaíonn daoine den phobal.



Is cuma cibé a bhfuil ORP ag atreorú custaiméirí chuig na comhlachtaí poiblí cuí nó ag cabhrú leo siúd ar féidir linn cúnamh a thairiscint dóibh, tá ORP tiomanta i leith cumarsáid a dhéanamh lenár gcustaiméirí ar bhealach chomh soiléir agus is féidir linn

I gcuid mhór cásanna, d'fhéadfadh sé go bhfuil bealach níos oiriúnaí ar fáil chun an t-ábhar a ardaítear a bhreithniú trí leas a bhaint as nósanna imeachta bainteacha eile, lena n-áirítear nósanna imeachta inmheánach na n-údarás áitiúil maidir le gearáin, Oifig an Ombudsman nó comhlachtaí eile. I dtaca leis sin de, tá ORP eolach go maith ar an ngá le feachtas a chruthú maidir lenár ról sonrach laistigh den chóras pleanála agus laistigh den réimse foriomlán rialála.

Baineann líon suntasach de na cásanna a fuarthas le cinntí pleanála ar leithligh, go háirithe achomhairc phleanála (cúram sonrach an Bhoird Pleanála) agus gníomh forfheidhmiúcáin (cúram sonrach an Bhoird Pleanála) agus gníomhartha forfheidhmiúcáin. Bhain cuid mhór gearán

leis an tslí inar dhéileáil údarás áitiúil leis an gcustaiméir i gcomhthéacs cás ar leithligh (is nithe iad sin atá níos oiriúnaí d'Oifig an Ombudsman).

Ina theannta sin, níor bunaíodh ORP chun dúbláil a dhéanamh ar an ról a fheidhmíonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí nó an Garda Síochána nó níor bunaíodh í mar shásra lasmuigh de nósanna imeachta inmheánacha na n-údarás áitiúil maidir le gearáin.


Is cuma cibé a bhfuil ORP ag atreorú custaiméirí chuig na comhlachtaí poiblí cuí le go mbreithneofar na nithe is cás leo nó ag cabhrú leo siúd is féidir linn cuidiú leo, tá ORP tiomanta i leith cumarsáid a dhéanamh lenár gcustaiméirí agus leis an bpobal ar bhealach chomh soiléir agus is féidir a mhéid a bhaineann leis an ról atá againn laistigh den chóras pleanála. I dtaca leis sin de, d'fhonn cabhrú le custaiméirí na nithe is cás leo a threorú chuig an gcomhlacht cuí Stáit, réitigh ORP agus Oifig an Ombudsman meabhrán tuisceana i rith na bliana 2019.

Mar threoir don phobal maidir leis na cineálacha gearáin ar féidir le ORP iad a scrúdú agus chun cabhrú le custaiméirí maidir le gearáin a thíolacadh, forbraíodh 'foirm ghearáin' agus foilsíodh í ar láithreán gréasáin ORP i rith na bliana 2019. Cabhraíonn an fheidhmiúlacht ar líne sin le custaiméirí trí bhíthin nós imeachta 'céim ar chéim' a bhaineann le gearán bailí a thíolacadh do ORP lena phróiseáil. Sa bhliain 2020, leanfaidh ORP de thuilleadh eolais a chur ar fáil don phobal maidir lena cúram agus maidir leis na cineálacha gearáin ar féidir iad a scrúdú faoin Acht.

Cásanna de réir cineál custaiméara agus miondealú geografach


Maidir le custaiméirí a dhéanann teagmháil le ORP, cé gur daoine den phobal iad de ghnáth atá ar lorg cúnamh (76%), lorg

ionadaithe tofa, leasanna tráchtála, údarais áitiúla, eagraíochtaí eile stáit agus, chomh maith leis sin, lorg comhlachtaí ionadaitheacha cúnamh ó ORP freisin i rith na bliana 2019. Tá miondealú na gcustaiméirí, de réir cineáil, leagtha amach thíos.



Fíor 13: Custaiméirí ORP sa bhliain 2019

I bhFíor 14 thíos, tugtar léiriú ar dáileadh geografach na gcásanna a fuarthas sa bhliain 2019. Bhí 74 thagairt gheografacha ann sna cásanna a fuarthas sa bhliain 2019 agus ní hionann an figiúr sin agus 91 chás uathúil ós rud é gur bhain cuid mhór de na cásanna a fuarthas leis an gcóras pleanála i gcoitinne seachas le húdarás áitiúil ar leith.



Fíor 14: Miondealú geografach na gcásanna

⁵ www.opr.ie/information-on-complaints

Cásanna de réir téama

Cé gur féidir na torthaí a d'fhéadfadh éirí as gearáin a thuairisciú don Aire faoi fhorálacha alt 31AU den Acht, d'fhéadfadh sé freisin go mbaintear úsáid as saincheisteanna a shainaithnítear mar thoradh ar gearáin a láimhseáil agus próiseáil cásanna eile, i.e. fiosruithe agus aighneachtaí, le linn feidhm ghinearálta ORP a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le tuairimí a thabhairt don Aire faoi alt 31P(1)(i) den Acht i ndáil le hoibriú an phróisis pleanála.


Tríd an bhforáil reachtach, bunaítear sásra de chineál níos ginearálta chun a chumasú do ORP comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le gnéithe praiticiúla d'oibriú na reachtaíochta pleanála agus gnéithe praiticiúla de chúrsaí pleanála a thagann chun cinn. Níor cuireadh aon aighneachtaí den sórt son faoi bhráid an Aire i rith na bliana 2019.

I dtaca leis sin de, déanann ORP breithniú cúramach ar an gcomhfhreagras a fhaigheann sí lena fháil amach an bhfuil téamaí sonracha athfhillteacha ann agus chun tuiscint a fháil ar na réimsí spéise atá ann i measc an phobail i leith cúrsaí pleanála agus ar na nithe is cás le daoine ina leith sin. Trí fhaireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin thar am lena chur san áireamh i dtacar

sonraí, ní hamháin go mbeifear an fhaisnéis a úsáid mar chuid den tuairisciú don Aire ach beimid in ann úsáid a bhaint aisti le haghaidh ár gcuid gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna agus, chomh maith leis sin, le haghaidh ár gclár taighde.

Tháinig roinnt téamaí soiléire chun cinn mar thoradh ar láimhseáil cásanna i rith na bliana 2019 agus ba iad na téamaí ba mhinice a bhí ann nithe a bhaineann le forfheidhmiú pleanála agus nithe ba chás le daoine i ndáil le próisis déanta pleananna agus i ndáil le beartais a cheapadh. Chomh maith leis sin, leagadh béim shuntasach ar chinntí pleanála ar leithligh agus b'ionann méid an chomhfhreagrais sin agus 13% de na cásanna a fuarthas sa bhliain 2019. Téama coitianta eile is ea láimhseáil cásanna a bhaineann le 'Cuid 8' - forbairt údaráis áitiúil, go háirithe a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht ag an bpobal agus trédhearcacht maidir le cinnteoireacht.

I dtéarmaí foriomlána, tugann idirghníomhaíocht le daoine den phobal i ndáil le hoibriú an phróiseas pleanála léargais luachmhara ar a n-eispéiris agus is féidir leas a bhaint as na léargais sin i leith gníomhaíochtaí níos leithne de chuid ORP, fiú amháin más rud é nach leanann cuid mhór scrúduithe foirmiúla as cásanna ar leithligh.



Fíor 15: Cásanna de réir téama cúlra

“

Tugann idirghníomhaíocht le daoine den phobal i ndáil le hoibriú an phróiseas pleanála léargais luachmhara ar a n-eispéiris agus is féidir leas a bhaint as na léargais sin.

Forbairt Tithíochta, Co. Ros Comáin

Oideachas, Oiliúint, Taighde agus Feasacht i measc an Phobail

Oideachas agus Oiliúint

Oiliúint do Chomhairleoirí

De réir fhorálacha alt 31Q(1)(a) den Acht, seolann ORP clár oideachais agus oiliúna do chomhaltaí údarais pleanála i leith an róil atá ag na comhaltaí sin faoin Acht. Neartaítear an fheidhm sin i Sprioc 2 de Ráiteas Straitéise ORP lena bhforáiltear go ndéanfaidh ORP “an nuálaíocht agus an fhoghlaím a chur chun cinn dóibh sin ar fad atá ina ngeallsealbhoirí maidir leis an bpróiseas pleanála”. Ceann de na príomhghníomhartha a bhaineann le baint amach na sprice seo is ea clár oideachais a sholáthar do ghrúpaí sonracha geallsealbhoirí amhail na comhaltaí tofa.

Sa bhliain 2019, d'oibrigh ORP le hAontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) le linn

clár oiliúna maidir le cúrsaí pleanála a chur i gcrích, ar clár é a bhí saincheaptha do chomhaltaí tofa údarás pleanála. Ó tharla go raibh thart ar an tríú cuid de na comhaltaí ina gcomhaltaí nua-thofa mar thoradh ar thoghcháin áitiúla na bliana 2019 agus go mbeidís rannpháirteach in mbeartais thábhachtacha a dhéanamh le linn athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna forbartha contae agus cathrach, glacadh leis go raibh gá le hoiliúint ar leith i gcúrsaí pleanála lena gcuid riachtanais a bhaint amach.

Ba é ab aidhm don chlár foriomlán ná eolas feabhsaithe faoin bpróiseas pleanála a chur ar fáil, agus béim ar leith á leagan ar ról agus ar fhreagrachtaí na gcomhaltaí a toghadh go daonlathach.

Tá freagracht ar ORP i ndáil le hábhar a bhaineann le himeachtaí oiliúna a ullmhú agus a sholáthar agus déanann ORP agus AILG cur chun cinn na n-imeachtaí oiliúna a chur i gcrích i gcomhpháirt lena chéile. Cuireann ORP an clár oiliúna chun cinn trí na Stiúrthóirí Seirbhíse i ngach údarás áitiúil ar leith agus, chuige sin, déantar bileoga bolscaireachta a dhearadh agus a ullmhú agus baintear úsáid as na meáin shóisialta (Twitter agus LinkedIn) agus as leathanach nuachta ORP ar an láithreán gréasáin.

Modúl a hAon

Cuireadh an chéad mhodúl oiliúna dar teideal: ‘The Planning Process, the Elected Member and the Office of the Planning Regulator’ i gcomhar le AILG ar fáil i mí Dheireadh Fómhair 2019 i Luimneach agus i nDún Dealgan. I measc na n-ábhar ar pléadh leo sa chéad mhodúl oiliúna airíodh an méid seo a leanas:

- Cuspóir na pleanála agus an creat reachtaíochta/beartais atá ann ina leith
- Róil agus freagrachtaí na Feidhmeannachta agus na gComhaltaí
- Cuspóir ORP sa phróiseas pleanála

Ba é an tAire Stáit Tithíochta agus Forbartha Uirbí, Damien English, a thug an t-aitheasc oscailte ag an dá imeacht oiliúna agus, mar chuid de na himeachtaí sin freisin, thug cainteoirí saineolacha raon leathan cur i láthair.

Mar chuid den phróiseas oideachais agus oiliúna, d'ullmhaigh ORP leabhráin faisnéise agus grafaic faisnéise do na comhaltaí tofa. Dáileadh na leabhráin sin ar na comhaltaí tofa le linn na n-imeachtaí oiliúna agus seo a leanas na teidil a bhí orthu:

- The OPR's Guide to the Planning Process
- The Administrative and Legal Framework for Planning (a d'ullmhaigh an Dr. Berna Grist, BL)
- An infographic pertaining to the planning system

Ina dhiaidh sin, rinneadh cóipeanna digiteacha de na leabhráin sin a scaipeadh ar na húdarais phleanála go léir lena scaipeadh ar na comhaltaí tofa uile.

San iomlán, ghlac 225 chomhalta thofa páirt sa chéad mhodúl oiliúna a reáchtáladh thar dhá lá i mí Dheireadh Fómhair 2019. Díreach tar éis modúl a haon a chur ar fáil, cuireadh tús le hullmhúcháin le haghaidh an dara modúl a chlúdaíonn Próiseas Déanta Pleananna Forbartha. I dtrátha dheireadh na bliana 2019, cuireadh tús le hobair maidir le hullmhú cur i láthair agus doiciméad eolais eile lena n-áirítear bileog faisnéise ina raibh ‘Ceisteanna a Chuirtear go Minic’ agus grafaic faisnéise a dearadh chun an próiseas déanta pleananna a mhíniú. Tá an dara modúl le cur ar fáil i bhFeabhra 2020.



Fíor 16: Joanna McBride, Stiúrthóir, ORP; Gary Ryan, Stiúrthóir, ORP; Evelyn Cusack, Ceann na Réamhaisnéisí, Met Éireann; An Comhairleoir Luie McEntire, Uachtarán, AILG, 2018/19; Niall Cussen, An Rialaitheoir Pleanála agus Mary Murphy, Stiúrthóir Cúnta, ORP, le linn Sheimineár Oiliúna AILG san Fhómhar, i Muineachán, ar an 12 Meán Fómhair 2019



Fíor 17: An Comhairleoir Mick Cahill, Uachtarán, AILG, 2019/20; Damien English TD, Aire Tithíochta agus Forbartha Uirbí agus an Comhairleoir Sharon Tolan le linn an imeachta oiliúna do chomhaltaí údarás áitiúil i nDún Dealgan ar an 12 Deireadh Fómhair 2019


Oiliúint d'Fhoireann na nÚdarás Áitiúil

De réir fhorálacha alt 31Q(1)(b) den Acht, ní mór do ORP clár oideachais agus oiliúna a sheoladh do bhaill foirne na n-údarás áitiúil, ar clár é a bhaineann le cibé nithe a measann ORP ina leith go mbaineann siad le feidhmeanna an údarás áitiúil, go háirithe nithe a bhaineann le planáil agus forbairt chuí.

I rith Ráithe 4 den bhliain 2019, thosaigh ORP próiseas comhairliúcháin le Stiúrthóirí Seirbhíse agus le Pleanálaithe Sinsearach na n-údarás áitiúil maidir leis na hábhair ar ceart do ORP a chur san áireamh le linn clár oiliúna

do bhaill foirne na n-údarás áitiúil a fhorbairt. Ina theannta sin, chuir ORP tús le cainteanna le h-Institiúid Pleanála na hÉireann (IPI) i ndáil le comhoibriú amach anseo i leith imeachtaí oiliúna.

Sa chairt seo a leanas, taispeántar na príomhréimsí atá sainaitheanta ag foireann na n-údarás áitiúil mar réimsí a bhfuil bearnaí eolais ann maidir leo agus/hó a bhfuil tuilleadh oiliúna ag teastáil ina leith. Tá sé beartaithe ag ORP clár oiliúna a fhorbairt sa chéad leath den bhliain 2020 chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna bhaill foirne na n-údarás áitiúil.



Fíor 18: Ábhair Oiliúna d'Fhoireann na nÚdarás Áitiúil

Oiliúint d'Oifigigh

Oibríonn ORP go dlúth leis an dá institiúidí gairmiúla a fheidhmíonn thar ceann pleanálaithe gairmiúla in Éirinn, Institiúid Pleanála na hÉireann (IPI) agus an Institiúid Ríoga Pleanála Baile (RTPI). Tá páipéir agus cuir i láthair curtha ar fáil ag baill Foirne ORP le linn roinnt imeachtaí i rith na bliana 2019, lena n-áirítear Comhdháil Náisiúnta Pleanála IPI i mí Aibreáin 2019 agus Comhdháil an Fhómhair i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Imeachtaí Oiliúna Inmheánacha do Bhaill Foirne

I rith na bliana 2019, de réir mar a bhí feachtas earcaíochta foirne ORP ar siúl agus de réir mar a bhí baill foirne nua ó chúlaí éagsúla á dtabhairt isteach san eagraíocht, chuathas i mbun roinnt seisiún oiliúna inmheánach. I mí na Samhna 2019, cuireadh lá iomlán ar leataobh d'fhonn na baill foirne a chur ar an eolas faoi na réimsí tábhachtacha seo a leanas:

- Sláinte agus Sábháilteacht
- RGCS (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)
- Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse

Táthar tar éis clár réamhoiliúna maidir le planáil a cheapadh agus cuirfear ar fáil do bhaill foirne ORP é sa bhliain 2020. Beidh an oiliúint dírithe ar scileanna nua a sholáthar do bhaill foirne a tháinig chuig ORP i chúlaí éagsúla nach bhfuil bainteach le cúrsaí pleanála.

Taighde

An Grúpa Náisiúnta maidir le hEolas Pleanála

Mar a luaitear thuas, foráiltear le halt 31Q(1) den Acht gurb é atá i gceann de chroí-fheidhmeanna ORP ná clár oideachais agus oiliúna a sheoladh do chomhaltaí údarás pleanála agus tionól réigiúnach agus do bhaill foirne údarás áitiúil nó tionól réigiúnach.



Bhunaigh ORP an Grúpa Náisiúnta maidir le hEolas Pleanála (GNEP) i dtrátha dheireadh na bliana 2019. Tá GNEP chun gníomhú mar choiste comhairleach de chuid ORP i ndáil le staid reatha an bhoinn eolais a bhaineann le nithe práinneacha agus nithe straitéiseacha i réimse na pleanála agus freisin le bearnaí nach mór aghaidh a thabhairt orthu i gcomhar le geallsealbhóirí.

Foráiltear le halt 31Q(2) den Acht go seolfaidh ORP taighde i ndáil le nithe atá iomchuí maidir lena fheidhmeanna, mar aon le haon nithe eile a iarrfaidh an tAire.

Faoi alt 31Q(3) den Acht, cumasaítear do ORP socrúithe a dhéanamh le haon duine nó le haon chomhlacht a mheasfaidh ORP a bheith cáilithe go cuí chun a clár taighde, oideachais agus oiliúna a chur i gcrích.

'Ar mhaithe le heolas a fháil ar an taighde atá ann cheana féin agus, chomh maith leis sin, príomhriachtanais maidir le cúrsaí eolais, faisnéise agus feachtas poiblí i measc na ngeallsealbhóirí éagsúla atá bainteach leis an bpróiseas pleanála, a shuíomh, bhunaigh ORP an Grúpa Náisiúnta maidir le hEolas Pleanála (GNEP) i dtrátha dheireadh na bliana 2019. Tá GNEP chun gníomhú mar choiste comhairleach de chuid ORP i ndáil le staid reatha an bhoinn eolais a bhaineann le nithe práinneacha agus nithe straitéiseacha i réimse na pleanála agus freisin le bearnaí nach mór aghaidh a thabhairt orthu i gcomhar le geallsealbhóirí. Soláthraíonn ORP an rúnaíocht le haghaidh an Ghrúpa.

I measc bhaill GNEP áirítear ionadaithe ó earnáil na hInstitiúide um Ard-Oideachas, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (HGO-anna), ó institiúidí pleanála, ó eagraíochtaí agus ó ranna rialtais, agus ionadaithe ó údaráis phleanála.

Seoladh réamh-cheardlann i mí Iúil 2019 chun cuspóir agus ról ionchasach an ghrúpa a leagan amach. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán sin bunaíodh GNEP go foirmiúil agus seoladh cruinniú tionscnaimh an Ghrúpa i mí na Samhna 2019. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an grúpa le chéile trí huaire gach bliain chun comhairle a thabhairt don ORP maidir lena cúram reachtúil sa réimse seo.

An Leabharlann Pleanála

D'fhorbair ORP leabharlann phleanála ar líne i rith na bliana 2019 chun pointe aonair rochtana a chur ar fáil don phobal i dtaca le teacht ar dhoiciméid agus ar thaighde a bhaineann le beartas pleanála.

Mar thoradh ar lainseáil na chéad chéime den leabharlann i Meán Fómhair 2019, rinneadh na treoirlínte, na teoracha agus na ciorcláin reatha go léir a bhaineann beartas pleanáil a bhailiú le chéile agus tá an t-ábhar sin ar fáil ar láithreán gréasáin ORP⁶.

Ina theannta sin, chuir ORP dara céim d'fhorbairt na leabharlainne pleanála i gcrích sa bhliain 2019 trí dhul i mbun taighde deisce chun taighde reatha de chuid scoileanna

pleanála, comhlachtaí poiblí taighde agus institiúidí gairmiúla a bhailiú. Cuireadh tús le céim 2 den leabharlann phleanála i mí na Samhna 2019 agus, mar thoradh air, soláthraíodh pointe aonair rochtana chun teacht ar an taighde sin a bhí scaipthe i measc institiúidí éagsúla roimhe sin.

Samhlaítear go ndéanfar ábhar a uaslódáil go tráthrialta sa bhliain 2020 lena chinntiú go léiríonn an leabharlann an taighde leanúnach atá ar siúl faoi láthair maidir le cúrsaí pleanála.

Tionscadal Taighde na hInstitiúide Ríoga Pleanála Baile (RTPI): Torthaí Pleanála a Thomhas

I mí Dheireadh Fómhair 2019, ghlac ORP, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, páirt i gcuibhreannas inar cuimsíodh Rialtas na hÉireann, Rialtas na Alban, Rialtas na Breataine Bige agus Rialtas Shasana d'fhonn taighde a dhéanamh atá dírithe ar na torthaí is tábhachtaí a ghabhann le pleanáil spásúlachta a shainaithint agus ar bhealaí féideartha a aimsiú chun na torthaí sin a thomhas.

Tá an taighde sin á dhéanamh faoi cheannas RTPI agus déanfar scrúdú, mar chuid de, i dtaobh conas is féidir le húdaráis áitiúla agus rialtais náisiúnta leas a bhaint as rudaí seachas méadrachtaí amháin, amháin luas na bhfeidhmchlár próiseála agus as líon na dtithe cónaithe nua atá curtha ar fáil. Is é atá sa sprioc fhoriomlán ná foirne uirlisí a ullmhú chun tomhas agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí, ar foirne uirlisí iad a mbeidh údaráis áitiúla ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann iad a oiriúnú agus a ghlacadh. Is é si aidhm don tionscadal ná:

- (1) Tomhais a chomhaontú ar mhaithe le beartas pleanála agus bainistíocht forbartha;
- (2) Modheolaíocht a fhorbairt chun torthaí a thomhas; (sonraí atá ann cheana féin, sonraí nua atá ag teastáil agus torthaí intomhaiste a shainaithint)

- (3) Cláir phíolótacha a reáchtáil ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta; (agus ar leibhéal réigiúnach, más cuí sin)
- (4) Moladh a dhéanamh i dtaobh conas is féidir torthaí sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil a chur san áireamh san fhaireachán a dhéanann údaráis áitiúla (gan ualach míchuí a bheith ann); agus
- (5) Moladh a dhéanamh i dtaobh conas a chuireann spriocanna náisiúnta torthaí chun cinn.

Tá ceithre chéim leathana i gceist leis an modheolaíocht agus leis an gclár agus cuirfear na nithe sin ar aghaidh ar fud na bliana 2020.

Feasacht i measc an Phobail Cumarsáid agus Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide

Aithníonn ORP go bhfuil dea-chumarsáid fíorthábhachtach i dtaca le hoibriú rathúil aon eagraíochta agus go bhfuil ról lárnach ag cleachtais éifeachtacha cumarsáide a mhéid a bhaineann le cumasú do ORP ár gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

Ar fud na bliana 2019, d'oibrigh ORP chun a chinntiú go raibh teacht ar chumarsáidí, go raibh na cumarsáidí sin gonta agus go raibh siad soiléir i gcomhthéacs inmheánach agus i gcomhthéacs seachtrach araon.

I measc phríomhghnóthachtálacha ORP i dtaca le cúrsaí cumarsáide de, áirítear an méid seo a leanas:

- Agallamh an Rialaitheoir Pleanála le Marian Finucane a craoladh beo ar RTÉ Raidió 1 i mí Aibreáin 2019.
- Sainláithreán gréasáin agus sainchuntais Twitter agus LinkedIn a fhorbairt do ORP.
- Oifigeach Cumarsáide a cheapadh i Meán Fómhair 2019.
- Caidreamh le foireann léiriúcháin an chlár teilifíse 'Eco Eye' agus comhurraíocht a dhéanamh maidir le heipeasóid a bhain



Fíor 19: An Leabharlann Pleanála

⁶ www.opr.ie/library/

le pleanáil inbhuanaithe spásúlachta (tá tuilleadh mionsonraí ina leith sin le fáil anseo thíos).

- Ráiteas Straitéise ORP 2019-2024 a fhoilsiú.
- Caidreamh leanúnach leis na meáin chumarsáide, lena n-áirítear sainseisiún eolais faoi ról ORP a sholáthar do na meáin chumarsáide i mí na Samhna 2019 agus preaseisiúint ghaolmhar a eisiúint.
- Freagra a thabhairt ar fhiosruithe a fuarthas go minic ó na meáin chumarsáide i ndáil le measúnuithe ORP ar phleananna reachtúla, ar freagraí iad sin a ndearnadh tagairt dóibh i roinnt foilseachán de chineál náisiúnta agus de chineál áitiúil.
- Gné-alt faoi ORP a foilsíodh in Council Review Uimh. 62 i mí na Samhna 2019.
- Tús a chur leis an obair maidir le dréachtú Straitéise Cumarsáide.
- Mír Op-Ed a scríobh an Rialaitheoir Pleanála a fhoilsiú san Irish Times i mí na Nollag 2019.
- Foilsiú ocht ngné-alt nuachta ar láithreán gréasáin ORP, ar gné-ailt iad inar tugadh léargas ar obair ORP, lena n-áirítear an comhéadan le hAontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, oiliúint phleanála a sholáthar do chomhaltaí tofa, foilsiú an Ráitis Straitéise, coimisiúnú taighde agus bunú an Ghrúpa Náisiúnta maidir le hEolas Pleanála.

Grafaicí Faisnéise agus Cur i Láthair

Is mian le ORP a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a chuireann sí i láthair soiléir agus go bhfuil rochtain ar an bhfaisnéis sin. Chuige sin, d'ullmhaíomar roinnt grafaicí faisnéise agus úsáideadh iad chun ról ORP a chur in iúl ar bhealach sothuigthe.

Chomh maith leis sin, d'ullmhaíomar treoir stíle inmheánach atá bunaithe ar na prionsabail a bhaineann le Caint Shoiléir⁷. Is é is cuspóir don doiciméad sin ná comhsheasmhacht agus soiléire a chinntiú

in obair scríofa ORP, idir obair inmheánach agus obair sheachtrach. Baineann tábhacht ar leith leis sin maidir le haon chumarsáid atá beartaithe do lucht léitheoireachta ginearálta poiblí, go háirithe daoine nach cainteoirí dúchais Béarla nó Gaeilge iad agus daoine a bhfuil deacrachtaí acu maidir le litearthacht. De réir na Gníomhaireachta Náisiúnta Litearthachta (NALA), tá 17.9%, nó thart ar 1 duine amháin as gach seisear daoine, d'aoisigh na hÉireann ag leibhéal 1, nó ag leibhéal faoina bhun sin, ar scála litearthachta cúig leibhéal.

Eipeasóid Eco Eye

I dtrátha dheireadh na bliana 2019, rinne ORP, agus í ag feidhmiú i gcomhar le 'Éire Shláintiúil', comhurraíocht ar eipeasóid de Eco Eye, is é sin, clár teilifíse a bhaineann le cúrsaí comhshaoil agus arb é an clár comhshaoil é atá á chraoladh in Éirinn le tréimhse níos faide ná aon chlár eile den chineál céanna⁸. Ba é téama na heipeasóide sin "pleanáil inbhuanaithe spásúlachta".

Seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí ar theastaigh ó ORP agus ó 'Éire Shláintiúil' a chur an áireamh sa chlár:

- feachtas a chruthú maidir le dea-chleachtas agus maidir leis an gcúis go bhfuil tábhacht ag baint leis;
- meon úinéireachta a chothú i measc an phobail maidir lena ról i leith beartais phleanála áitiúla a chinneadh;
- saoránaigh a chumhachtú trí fhoghlaím ó chur i bhfeidhm an dea-chleachtais mar chuid de phleanáil mhaith; agus
- príomhról na pleanála a shainithint a mhéid a bhaineann le sláinte agus folláine shaoránaigh na tíre seo.

Mar chuid den chlár, bhí agallaimh ann le hoifigigh ó OT Baile Átha Cliath, ó 'Éire Shláintiúil', ó Mhaoin Phort Láirge, ó 'Port



Fíor 20: Kate O'Flaherty, Ceann Sláinte agus Folláine, an Roinn Sláinte, in éineacht le Duncan Stewart, Láithreoir Eco - Eye

Láirge Sláintiúil' agus ó Chomhairle Chontae Ros Comáin, mar aon le hagallaimh éagsúla le daoine den phobal i bPort Láirge agus i Mainistir na Búille, Contae Ros Comáin.

Tá sé beartaithe ag ORP leas a bhaint as rath an chláir sin agus scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir rannchuidiú le léiriú eipeasóidí amach anseo i gcomhar le geallsealbhoirí eile. Tá téamaí ionchasacha le haghaidh clár amach anseo á bhforbairt faoi láthair agus tá plé ar siúl leis an earnáil rialtais áitiúil maidir le deiseanna le haghaidh comhoibriú i ndáil le heipeasóidí amach anseo.

Caidreamh le Geallsealbhoirí


Is eagraíocht í ORP a bhunaíonn caidreamh ar bhealaí éagsúla leis na príomhgeallsealbhoirí sa chóras pleanála.

Caidreamh le hÚdaráis Áitiúla

Chuir ORP an sceideal caidrimh sin leis na húdaráis áitiúla go léir ar aghaidh mar chuid de chéim bhunaithe ár n-eagraíochta, rud a rinneadh d'fhonn plé neamhfhoirimiúil teicniúil a sceidealú le foireann ghairmiúil pleanála agus foireann feidhmiúcháin na n-údarás chun caidreamh maith oibre a chur ar bun i gcomhthéacs ról reachtúil ORP i dtaca le comhairle a thabhairt 'údaráis áitiúla ar fud an phróisis déanta pleananna.

⁷ www.nala.ie/plain-english/

⁸ www.opr.ie/eeco-eye-television-programme-highlights-how-good-planning-can-improve-health-and-well-being/



Fíor 21: Caidreamh le húdaráis Áitiúla

Sa bhliain 2019, bhuail ORP leis an 12 údarás áitiúla a chuimsítear i gceantar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA). Tugadh tús áite do chruinnithe le húdaráis áitiúla EMRA sa bhliain 2019 ós rud é gur glacadh an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta do cheantar EMRA i Meitheamh 2019 agus réitigh sin an bealach le tús a chur le hathbhreithnithe pleananna forbartha toghcheantair.

Leanfar den chlár caidrimh sin ar fud na bliana 2020 chun cruinnithe tosaigh leis na húdaráis i réigiún an Tuaiscirt & an Iarthair agus i réigiún an Deiscirt a chur i gcrích agus, chomh maith leis sin, leanfar den chaidreamh le húdaráis EMRA a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm ár gcuid feidhmeanna maidir le measúnú a dhéanamh ar phleananna.

Fóram na Measúnuithe ar Phleananna

I Meitheamh 2019, bhunaigh ORP pléghrúpa neamhfhoirmiúil ina raibh ionadaithe ó na príomhúdaráis fhorordaithe agus chuir an grúpa sin ionchur ar fáil le haghaidh an phróisis reachtúil déanta pleananna. Is é is cuspóir don fhóram ná plé agus malairt faisnéise a éascú le linn do ORP pleananna reachtúla a bhreithniú agus spreagadh a thabhairt i leith ailíniú beartais níos leithne i measc geallsealbhóirí i gcomhthéacs déanamh pleananna.

Áirítear na heagraíochtaí seo a leanas i measc bhaill an fhórait: an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta; an Roinn Oideachais agus Scileanna; an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; Uisce Éireann; an tÚdarás Náisiúnta Iompair; Oifig na nOibreacha Poiblí; agus Bonneagar Iompair Éireann.

D'óstáil ORP trí chruinniú d'Fhóram na Measúnuithe ar Phleananna sa bhliain 2019 agus chumasaigh sé sin plé idir na heagraíochtaí go léir maidir le pleananna reachtúla a bheadh a gcur faoi réir comhairliúchán poiblí i rith na tréimhse sin.

Gníomhaíochtaí Poiblíochta Eile

I mí na Samhna 2019, reáchtáil ORP seisiún eolais do na meáin chumarsáide agus, le linn an tseisiúin sin, tugadh cur i láthair maidir le cúlra bhunú ORP, maidir lena príomhthosaíochtaí agus maidir le cuid de na tionscadail atá ar na bacáin aici.

Tuigeann ORP gurb ionann na meáin chumarsáide agus príomh-gheallsealbhóir agus gurb ionann iad agus modh tábhachtach chun ár ról a chur in iúl do phobal níos leithne agus leanfar den chaidreamh réamhghníomhach le hiriseoirí de chuid na meán clóite, na meán craolacháin agus na meán ar líne.



“

Tuigeann ORP gurb ionann na meáin chumarsáide agus príomh-gheallsealbhóir agus gurb ionann iad agus modh tábhachtach chun ár ról a chur in iúl do phobal níos leithne.

Glasbhealach Mór an Iarthair, Co. Mhaigh Eo

Gnóthaí Corparáideacha

Rialachas

Rinneadh ORP a bhunú mar chomhlacht reachtúil neamhspleách. I bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna, tá ORP go hiomlán neamhspleách agus, ina cáil mar eagraíocht a fhaigheann maoiniúchán poiblí, tá sí cuntasach don Oireachtas agus don Aire.

De réir mar a fhoráiltear leis an Acht, is ionann struchtúr rialachais ORP agus an struchtúr rialachais a bhaineann le sealbhóir oifige seachas struchtúr boird neamhfheidhmiúcháin agus is í feidhmeannacht na heagraíochta a riarann feidhmiú na heagraíochta ó lá go lá.

An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (FBF)

Cuimsíonn FBF an Rialaitheoir Pleanála agus an triúr Stiúrthóirí, a bhfuil duine amháin díobh ina Leas-Rialaitheoir Pleanála, agus tagann siad le chéile ar bhonn coicisiúil agus bíonn buan-chlár oibre ann. Cuireann na cruinnithe fóram ar fáil chun athbhreithniú straitéiseach tráthrialta a dhéanamh ar fheidhmiú na heagraíochta, lena n-áirítear meastóireacht rioscaí, bainistíocht airgeadais, ceadú beartas agus bainistiú acmhainní, gan trácht ar nithe eile.

An Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca

De bhun alt 31N den Acht, is ionann struchtúr rialachais ORP agus struchtúr rialachais corparáide aonair/sealbhóra oifige. Cé nach bhfuil sainordú tugtha do ORP maidir le coistí a bhunú ar coistí iad a oibríonn de ghnáth mar choistí de chuid boird neamhfheidhmiúcháin, ar mhaithe le trédhearcacht agus cuntasacht, agus de réir an dea-chleachtais, chuir ORP tús le Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca a bhunú i gcomhréir leis an treoir atá ann sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit.

Cuireadh tús le próiseas bunaithe an Choiste i Ráithe 3 den bhliain 2019 agus tá feidhmiúlacht iomlán le bheith ag an gCoiste amhail ón 1 Eanáir 2020.

Comhaontú maidir le Feidhmíocht agus Comhaontú maidir le Formhaoirseacht

Tar éis ORP a bhunú, cuireadh Meabhrán Tuisceana (MT) i bhfeidhm idir an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) agus ORP. Sa doiciméad sin, leagtar amach na príomhcheanglais maidir le cúrsaí rialachais, lena n-áirítear na téarmaí ar dá réir a bheadh seirbhísí le soláthar ag an Roinn do ORP, amhail próiseáil cuntas iníochta a sholáthar ar bhonn sealadach.

Ina theannta sin, ceann de phríomhcheanglais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit is ea gur ceart do Ranna agus do chomhlachtaí a thagann faoi chúram Ranna Comhaontú maidir le Formhaoirseacht agus Comhaontú maidir le Feidhmíocht a chur i bhfeidhm agus gur ceart go mbeadh na comhaontuithe sin ina gcuid dhílis de chreat straitéiseach agus de chreat oibríochtúil na gníomhaireachta.

I dtaca leis sin de, tar éis do ORP a céad Ráiteas Straitéise a fhoilsiú i mí Dheireadh Fómhair 2019, cuireadh tús, i gcomhpháirt leis an Roinn, le hullmhú an Chomhaontaithe maidir le Formhaoirseacht agus an Chomhaontaithe maidir le Feidhmíocht.

Chun creat rialachais ORP a neartú tuilleadh, bíonn cruinnithe idirchaidrimh ann go tráthrialta idir lucht bainistíochta sinsearaí na Roinne agus ORP chun faireachán a dhéanamh ar nithe a bhaineann le feidhmíocht agus rialachas agus, chomh maith leis sin, chun fóram a chur ar fáil le haghaidh plé tráthrialta ar nithe a dhéanann difear d'fheidhmeanna reachtúla an dá eagraíocht.

Bainistíocht Rioscaí

Tá Bainistíocht Rioscaí i measc na bpríomhriachtanas atá ann chun dea-rialachas, agus freagrúlacht aclaí eagraíochtúil i leith rioscaí, a chinntiú. Tá freagracht fhoriomlán ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca⁹, i ndáil le formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht rioscaí laistigh den eagraíocht agus cinneann siad leibhéal inghlacthachta na heagraíochta maidir le rioscaí agus tá freagracht orthu i ndáil le hullmhú Chlár na Rioscaí ar fud na bliana.

Sa bhliain 2019, chuireamar creat cuimsitheach bainistíochta rioscaí i bhfeidhm, lena n-áirítear leibhéal inghlacthachta na heagraíochta maidir le rioscaí a shocrú, clár rioscaí a ullmhú agus Beartas Bainistíochta Rioscaí a chur i bhfeidhm. Mar chuid de cheapadh an chreata bainistíochta rioscaí, rinne FBF meastóireacht ar phríomhrioscaí ORP, lena n-áirítear cur síos a dhéanamh ar na rioscaí agus ar bhearta maolaitheacha gaolmhara.

Chun an creat a neartú tuilleadh, cuireadh tús le bunú Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca i Ráithe 3 den bhliain 2019.

Iniúchadh Inmheánach

Déanfar feidhm an Iniúchta Inmheánaigh a fhorbairt sa bhliain 2020, rud a dhéanfar trí leas a bhaint as seirbhísí seachfhoinsithe, agus oibreofar an fheidhm sin faoi Chairt Iniúchta Inmheánaigh.

An Cód Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit

Tar éis ORP a bhunú i mí Aibreáin 2019, ghlac an ORP Cód Cleachtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit 2016 (an Cód) agus



Rinneadh ORP a bhunú mar chomhlacht reachtúil neamhspleách. I bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna, tá ORP go hiomlán neamhspleách agus, ina cáil mar eagraíocht a fhaigheann maoiniúchán poiblí, tá sí cuntasach don Oireachtas agus don Aire.

cuireadh tús le cur i bhfeidhm na bhforálacha iomchuí de chuid an Chóid. Chinntíomar gur comhlíonadh an chuid is mó de na forálacha iomchuí de chuid an Chóid agus tá cuid de na ceanglais le cur i bhfeidhm sa bhliain 2020 mar a leanas:

- Cuireadh tús le bunú Coiste Iniúchta Airgeadais agus Riosca i Ráithe 3 den bhliain 2019;
- Déanfar seirbhís sheachfhoinsithe Iniúchta Inmheánaigh a bhunú sa bhliain 2020;
- Forbraíodh Cairt Chustaiméara sa bhliain 2019 agus tá an Plean gaolmhar Gníomhaíochta Custaiméara le hullmhú sa bhliain 2020.

Gnóthaí Corparáideacha Beartais agus Nósanna Imeachta

Ón tráth ar bunaíodh an Oifig i mí Aibreáin 2019, tá sraith beartas agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn agus, mar thoradh air sin, tá bonn tábhachtach curtha ar fáil le haghaidh feidhmiú na heagraíochta ó lá go lá. De bheis air sin, tá beartais agus cóid de chuid na Státseirbhíse

⁹ Le hainmniú sa bhliain 2020.

curtha i bhfeidhm againn, lena n-áirítear an Chairt maidir le Dínit san Ionad Oibre agus Cód na Státseirbhíse maidir le Caighdeáin agus Iompar.


Cód Iompair agus Coinbhleachtaí Leasa

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonann baill foirne ORP forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, más infheidhme. De bhreis air sin, agus de bhun fhorálacha Alt 31AL den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018, d'fhorbair ORP Cód Iompair chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú. Faoi gCód sin, cláraíonn gach ball foirne de chuid ORP

agus an Príomhfheidhmeannach a gcuid leasanna ar mhodh ráiteas reachtúil.

Sláinte agus Sábháilteacht

Sa bhliain 2019, chomhlíon ORP an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007. Chloíomar le beartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus chuireamar oiliúint chuig ar fáil don fhoireann. Ina theannta sin, chuireamar Ráiteas Sábháilteachta i bhfeidhm agus d'ainmníomar Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta.



Fíor 22: Gnóthaí Corparáideacha ORP

Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)

Is comhlacht poiblí é ORP chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. De bhreis ar fhorálacha na reachtaíochta a bhaineann le Saoráil Faisnéise, is féidir faisnéis faoin gcomhshaol a lorg ó ORP de bhun Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007-2018.

Tugtar mionsonraí anseo thíos faoi ghníomhaíocht sa bhliain 2019 agus tá mionsonraí ar fáil ar láithreán gréasáin ORP¹⁰:

Tábla 4: Iarrataí Saorála Faisnéise/RFC	Saoráil Faisnéise	RFC
An Líon Iarrataí a Fuarthas	5	0
An Líon Iarrataí ar Géilleadh Dóibh	4	0
An Líon Iarrataí ar Géilleadh go páirteach dóibh	0	0
An Líon Iarrataí a Tarraingíodh Siar	0	0
An Líon Iarrataí a Aistríodh	0	0
An Líon Iarrataí ar Diúltaíodh Dóibh	1	0

Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá ORP tiomanta i leith cearta agus príobháideachas daoine aonair a chosaint de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988, 2003 agus 2018.

Sa bhliain 2018, de réir mar a cheanglaítear leis an RGCS, d'ainmnigh ORP Oifigeach Cosanta Sonraí. De bhreis air sin, cuireadh beartais maidir le Cosaint Sonraí agus

Príobháideachas Sonraí i bhfeidhm san eagraíocht agus cuireadh oiliúint RGCS ar fáil don fhoireann.

Sa bhliain 2019, ní bhfuair ORP aon iarrataí ar shonraí pearsanta agus ní raibh aon chás ann inar sáraíodh na ceanglais maidir le sonraí pearsanta.

Earcaíocht agus Cúrsaí Foirne

Oibríonn ORP a clár earcaíochta go príomha faoi cheadúnas a dheonaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus a fuarthas i mí Aibreáin 2019. Más cuí, baintear úsáid freisin as painéil oscailte atá ar fáil tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Is státseirbhísigh iad baill foirne ORP agus faigheann siad luach saothair i gcomhréir le beartas an Rialtais. Faigheann an Rialaitheoir Pleanála luach saothair de réir ghrád státseirbhíse an Rúnaí Chunta agus tá tuarastal bliantúil comhlán €139,628 i gceist leis an ngrád sin [de réir scála tuarastail a bhfuil éifeacht aige ón 1 Eanáir 2020].

An Ghaeilge

In Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, leagtar amach na dualgais atá ag comhlachtaí poiblí maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge agus maidir le cearta an phobail chun leas a bhaint as na seirbhísí sin.

Chun cloí leis na dualgais atá leagtha amach san Acht, tá teagmháil déanta ag ORP le haistritheoirí seachtracha lena chinntiú go ndéanfar aon doiciméid iomchuí agus, chomh maith leis sin, an fhaisnéis sheasta atá ar ár láithreán gréasáin, a aistriú agus a fhoilsiú ar bhealach tráthúil. Ina theannta sin, tá ORP tar éis formáid dháttheangach dá lógó, dá stáiseanóireacht agus dá sínithe ríomhphoist a ullmhú agus déanann an Oifig deimhin de go bhfoilsítear foilseacháin amhail an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas Straitéise a fhoilsiú go dátheangach.

¹⁰ www.opr.ie/freedom-of-information/

Tá sé i gceist ag ORP Polasaí Gaeilge a fhoilsiú in 2020. Déanfar soiléir sa pholasaí sin na seirbhísí a bhfuil sé i gceist ag ORP a chur ar fáil i nGaeilge agus deimhneoidh gealltanas an ORP úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh. Ina theannta sin, comhlíonann ORP a freagrachtaí reachtúla faoi Alt 31AA den Acht a mhéid a bhaineann le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Chuige sin, déantar eolas ar an nGaeilge a chur san áireamh mar chritéar tábhachtach le linn ár gcuid feachtas earcaíochta.

Comhionannas Earnála Poiblí agus an Dualgas i leith Chearta an Duine

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, forchuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, ar an ngá atá ann:

- An t-idirdhealú a dhíchur
- Comhionannas deiseanna agus córa dá bhfoireann agus do na daoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chur chun cinn; agus
- Cearta an duine atá ag a mbaill foirne agus ag úsáideoirí a seirbhísí a chosaint.

Tá Oifigeach Rochtana ainmnithe ag ORP chun rochtain ar ár gcuid seirbhísí a éascú do gach duine den phobal a mhéid is réasúnach agus is indéanta.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

I gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, chuir ORP nósanna imeachta i bhfeidhm ar mhaithe le nochtadh cosanta a dhéanamh, lena n-áirítear Beartas maidir le Nochtadh Cosanta. Sna nósanna imeachta sin, cuirtear mionsonraí ar fáil i dtaobh an phróisis ar dá réir is féidir le hoibrí de chuid ORP nochtadh cosanta a dhéanamh, i

dtaobh cad a tharlóidh nuair a dhéantar nochtadh agus i dtaobh cad a dhéanfaidh ORP chun an té a dhéanann an nochtadh a chosaint. Tacaíonn an nós imeachta le tiomantas ORP i leith timpeallacht oibre a chothú ina mothaíonn fostaithe compordach maidir le hábhair imní a ardú i ndáil le héagóiritheoireacht ionchasach laistigh de ORP agus i leith na tacaíochtaí riachtanacha a sholáthar dóibh siúd a ardaíonn fíorábhair imní. Léiríonn an timpeallacht oibre sin croí-luachanna ORP, go háirithe macántacht, gairmiúlacht, oscailteacht agus trédhearcacht.

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, tá oibleagáid ar ORP tuarascáil ina dtugtar mionsonraí faoin líon noctaí cosanta a rinneadh i rith na bliana roimhe sin agus faoin ngníomh (más ann) a rinneadh mar fhreagairt i leith na noctaí cosanta sin a ullmhú agus a fhoilsiú tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain.

De bhun an cheanglais sin, ní bhfuarthas aon noctaí cosanta sa bhliain 2019 agus cuirfear an tuarascáil bhliantúil maidir le nochtadh cosanta a chur faoi bhráid ár máthair-roinne agus foilseofar í ar ár láithreán gréasáin faoin 30 Meitheamh 2020.

Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2019

Tá ORP lonnaithe i gcóiríocht shealadach chomhroinnte ag 77 Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2 agus, amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí 15 bhall foirne lánaimseartha ann. Tar éis ORP a bhunú tá idirchaidreamh á dhéanamh le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i ndáil le tuairisciú a dhéanamh faoi úsáid fuinnimh tar éis bhliain bhunlíne ORP a chur i gcrích.

Tá ORP tiomanta i leith laghdú a dhéanamh ar a thionchar timpeallachta a mhéid is féidir sin a dhéanamh.



“

Tá Oifigeach Rochtana ainmnithe ag ORP chun rochtain ar ár gcuid seirbhísí a éascú do gach duine den phobal a mhéid is réasúnach agus is indéanta.

Droichead Samuel Beckett, Co. Bhaile Átha Cliath

Chuirge sin, tugtar tacaíocht don fhoireann trí bhíthin roinnt tionscnamh lena n-áirítear scéim an phas taistil agus scéim 'Rothar chun Oibre' agus trí shaoráidí dea-cháilíochta a sholáthar agus, mar thoradh air sin, tá leibhéal ard úsáide ann a mhéid a bhaineann le modhanna taistil inbhuanaithe. Ina theannta sin, déantar an soilsiúchán inár gcuid oifig a rialú le braiteoirí gluaisne agus déantar an trealamh leictreach go léir a mhúchadh ag deireadh gnó gach lá.



Déantar buiséad ORP a leithroinnt tríd an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil - Vóta 34, fo-mhírcheann D.5. Sa bhliain 2019, ba é a bhí i mbuiséad iomlán ORP ná €2,367,000.

Faisnéis Airgeadais

Déantar buiséad ORP a leithroinnt tríd an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil - Vóta 34, fo-mhírcheann D.5. Sa bhliain 2019, ba é a bhí i mbuiséad iomlán ORP ná €2,367,000.

Rinneadh gnólacht seachtrach cuntasóireachta, Crowleys DFK, a cheapadh i Ráithe 3 den bhliain 2019 trí bhíthin chreat na hOifige um Sholáthar Poiblí (OSP) chun bainistíocht a dhéanamh ar fheidhm chuntas ORP agus ar ullmhú tuarascálacha agus ráiteas airgeadais. Tá seirbhísí baincéireachta

faighte againn trí chreat OSP freisin, ar seirbhísí iad a sholáthraíonn Danske Bank do ORP.

Le linn a cuid oibríochtaí a chur i gcrích, cinntíonn ORP go mbíonn luach ar airgead agus bainistíocht fhónta airgeadais ann tríd an gCód maidir le Caiteachas Poiblí a chomhlíonadh, lena n-áirítear Nósanna Imeachta Náisiúnta agus AE maidir le Soláthar Poiblí agus rialacha a bhaineann le bainistíocht airgeadais agus, chomh maith leis sin, forálacha an Achta mar atá leagtha amach in Alt 31AG, rud a chinntíonn cuntasacht agus trédhearcacht.

Ráitis Airgeadais

Déantar Ráitis Airgeadais ORP, lena n-áirítear an Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus an Ráiteas ar Rialachas, a ullmhú de réir FRS 102, is é sin le rá, an caighdeán tuairiscithe caighdeánach is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus atá eisithe ag an Financial Reporting Council (FRC), de réir mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

Tagann Ráitis Airgeadais ORP faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus déanfar an t-iniúchadh ar chuntais na bliana 2019 sa bhliain 2020. De ghnáth, ní bhíonn an t-iniúchadh ar Ráitis Airgeadais maidir le haon bhliain ar leith curtha i gcrích tráth foilsithe na tuarascála bliantúla. Tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na ráitis airgeadais a cheadú, déanfar iad a thíolacadh don Rialaitheoir Pleanála agus don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Airgeadais. Ina theannta sin, leagfar cóip de na cuntais faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus foilseofar ar láithreán gréasáin ORP iad.

An Córas Rialaithe Inmheánaigh

Cinntíonn ORP go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú gach tráth. Is próiseas leanúnach é cothabháil a dhéanamh ar rialuithe

inmheánacha agus déantar athbhreithniú ar an gcóras agus ar a éifeachtacht ar bhonn leanúnach.

An Dlí maidir le Cúrsaí Cánach

Sa bhliain 2019, chomhlíon ORP a cuid oibleagáidí faoi dlí maidir le cúrsaí cánach.

Earraí agus Seirbhísí a Fháil

Ina cál mar chomhlacht poiblí, baineann ORP úsáid as conarthaí lárnacha atá curtha i bhfeidhm ag an OSP le linn di raon earraí agus seirbhísí a fhaightear go minic a fháil. I gcás nach mbíonn aon chonradh lárnach ar fáil, oibríonn ORP de réir Threoracha an Aontais Eorpaigh (AE) maidir le hEarraí agus Seirbhísí a Fháil. Tá Oifigeach Soláthair ainmnithe againn agus, sa bhliain 2019, cuireadh tús le forbairt plean corparáideach maidir le hearraí agus seirbhísí a fháil, ar plean é atá le foilsiú sa bhliain 2020.

Sa bhliain 2019, chuaigh ORP i mbun roinnt gníomhaíochtaí soláthair agus fuarthas comhairle agus cúnamh ina leith sin ón OSP agus baineadh úsáid as creata OSP atá ann cheana féin. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin ceapadh Fieldfisher mar chomhairleoirí dlí, ceapadh Crowleys DFK chun seirbhísí cuntasóireachta a chur ar fáil agus soláthróidh Danske Bank seirbhísí baincéireachta do ORP.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997


Is beartas de chuid ORP é forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a chomhlíonadh go hiomlán. Tá nósanna imeachta tugtha isteach ag ORP lena chinntiú go n-íoctar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil.

Tar éis bhunú ORP, chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil feidhm phróiseála na gcuntas iníoctha ar fáil do ORP ar bhonn sealadach. Cuireadh an socrú sin i bhfeidhm faoin Meabhrán Tuisceana chun

a chumasú do ORP a córais agus a nósanna imeachta féin a chur i bhfeidhm ón mbliain 2020 ar aghaidh.

Sa bhliain 2019, rinne an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil gach sonrasc ó sholáthraithe a phróiseáil agus a íoc thar ceann ORP. Bhí an próiseas sin i bhfeidhm ó thráth bunaithe ORP i mí Aibreáin 2019 go dtí mí na Nollag 2019. Ón mbliain 2020 ar aghaidh, tar éis feidhm sheachfhoinisithe cuntas iníoctha ORP a chur i bhfeidhm, déanfaidh ORP íocaíochtaí le soláthraithe a phróiseáil go díreach.

Faisnéis faoin bhFoireann



*Thosaigh an Leas-Rialaitheoir Pleanála agus Stiúrthóir um Measúnú Pleananna, Anne Marie O'Connor Uasal, ag obair in ORP ag tús na bliana 2020 mar thoradh ar fheachtas oscailte earcaíochta ar feachtas é ar cuireadh tús leis ag deireadh na bliana 2019.

**Maidir leis an bhfoireann a ceapadh ag tús na bliana 2020, tháinig deireadh le feachtais earcaíochta in 2019.

Cuas an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath

Cuid


2

Pleanáil i
gComhthéacs:
Príomhstaitisticí
2019

Clár

Réamhrá	56
Pleanáil Chun Cinn.....	57
Pleananna reachtúla.....	57
Pleananna Ceantair Áitiúil.....	59
Criosanna Forbartha Straitéisí (CFS-anna).....	60
Bainistíocht na Forbartha.....	61
An líon Iarratas ar Phleanáil.....	61
Iarratais ar Phleanáil a Bhailíochtú.....	64
Ceadanna Pleanála a Deonaíodh.....	66
Iarratais a Deonaíodh: Dáileadh Réigiúnach.....	67
Iarratais Cheadaithe a Deonaíodh: An cineál úsáide.....	68
Iarratais a Deonaíodh: Tithíocht.....	72
Forbairt nach Forbairt Chónaithe í.....	73
An earnáil fuinnimh in-athnuaite.....	76
Forfheidhmiúchán maidir le Pleanáil.....	80
Sonraí Iomchuí Eile	81
Cúrsaí Airgeadais: gnóthú costas.....	81
Gníomhachtú Talún.....	81
Foireann agus Acmhainní.....	81
Agóidí Dílthiúla.....	82

Pleanáil in Éirinn



200+

Straitéis
Eacnamaíochta agus
Spáis Réigiúnaigh
Pleananna Forbartha
Reachtúla
Criosanna Forbartha
Straitéisí

31

Údarás
Pleanála

3

Thionól
Réigiúnacha

1

An Bord
Pleanála

2019 i bhFigiúirí

67
iarratas
deonaithe



51
iarratas diúltaithe
nó níl cinneadh
déanta fós

29,117
Cinneadh
pleanála a
rinneadh

3,146
iarratas
diúltaithe

25,971
iarratas
deonaithe

Achomhairc chuig an
mBord Pleanála

2,076

24.4%
Cinneadh
deimhnithe

25.4%
Cinneadh
ar ceal

50.2%
Cinneadh
Ilchineálach

43 chomhairliúchán
poiblí ar phleananna
reachtúla tionscanta

30 Céim déanta
cinntí
reachtúla
glactha

Réamhrá

Baineann Cuid I den Tuarascáil Bhliantúil le measúnú a dhéanamh ar fheidhmeanna ORP i rith na bliana 2019, ach, tríd an anailís atá ann i gCuid II, tugtar forléargas straitéiseach ar na príomhthorthaí agus ar na príomh-aschuir a bhí ann sa bhliain 2019 sa chóras pleanála in Éirinn ina iomláine. Mar chuid den anailís tá comparáid spéisiúil le patrúin a bhí ann i mblianta roimhe seo, an chéad uair a bhfuil anailís den chineál seo déanta ar chóras pleanála na hÉireann.

Déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS)¹¹, an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúcháireachta (CNMI)¹², an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (RTPRÁ)¹³ agus an Bord Pleanála (ABP)¹⁴ staitisticí a fhoilsiú gach bliain i ndáil leis an bpróiseas pleanála. Tá sampla de na sonraí sin anailísithe agus tiomsaithe ag ORP chun an bonn a sholáthar le haghaidh forléargais ar fheidhmiú an phróisis pleanála in Éirinn sa bhliain 2019 agus, chomh maith leis sin, forléargas a sholáthar ar threochtaí de chuid blianta roimhe seo agus i ndáil le cuid de na tacair shonraí, agus an méid sin a dhéanamh faoi threoir pointí sonracha eatraimh amhail cúig bliana agus 10 mbliana roimhe seo. Mar thoradh ar anailís a dhéanamh ar threochtaí ar bhonn leanúnach, cumasófar faireachán a dhéanamh sna blianta atá romhainn.

Oibreoidh ORP chun feabhas a chur ar raon na bhfoinsí faisnéise ar féidir linn iad a úsáid chun rianú a dhéanamh ar fheidhmiú foriomlán an phróisis pleanála agus ar cháilíocht na dtorthaí a bhaintear amach tríd an bpróiseas sin, agus feidhmeanna comhlachtaí formhaoirseachta rialtais áitiúil á gcur san áireamh, amhail an CNMI a fhoilsíonn táscairí le haghaidh raon leathan feidhmeanna údarais áitiúil, ar táscairí iad a mbaineann trí cinn acu le cúrsaí pleanála.

Baineann na staitisticí a scrúdaíodh le méid

na hoibre faoi na cheithre cheannteideal leathana, a léiríonn croí-fheidhmeanna na n-údarás pleanála agus an Bhoird Pleanála:

1. Pleanáil Chun Cinn
2. Bainistíocht na Forbartha
3. Achomhairc phleanála agus iarratais dhíreacha chuig an mBord Pleanála, agus
4. Forfheidhmiú.

Déantar méid áirithe tráchtairachta freisin ar phríomhshaincheisteanna a bhaineann le gnóthú costas, gníomhachtú talún agus athbhreithniú breithiúnach.

Léiríonn an anailís go bhfuil méadú suntasach tagtha ar na héilimh ar phróiseas pleanála na hÉireann le blianta beaga anuas agus gur lean an treocht sin ar aghaidh sa bhliain 2019. Tá a gcuid dualgas reachtúil comhlíonta ag údarais phleanála i gcomhthéacs ualaí oibre méadaitheacha agus tá feabhas curtha acu ar an stoc ceadanna pleanála a bhfuil an gníomhachtú ina leith ag tarlú de réir ráta níos moille i gcás tithíochta.

Admhaíonn ORP go ndéanann údarais phleanála méid suntasach oibre breise freisin i ndáil le cúrsaí pleanála, amhail obair sna réimsí a bhaineann le cur chun cinn na forbartha, athnuachan uirbeach agus

athnuachan sráidbhailte, forbairt tuaithe agus gníomhachtú talún. Ach, chun a fháil amach, ó na foinsí atá ar fáil, cad iad na príomhbhrúnna i dtaca leis an ualach oibre de agus cad iad na haschuir a éiríonn as an gcóras pleanála, tá ár gcuid anailísí dírithe ar phríomhtháscairí a bhaineann go díreach leis na trí chroífheidhm.

Pleanáil Chun Cinn


Pleananna reachtúla

Cuimsíonn pleananna reachtúla straitéisí eacnamaíochta spásúlachta réigiúnaí (RSES), pleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúil. Sa bhliain 2019, glacadh le 30 tionscadal ar an iomlán a bhain le pleananna reachtúla nó le hathruithe/leasuithe ar phleananna a bhí ann cheana, is é a bhí i gceist leis na tionscadail sin ná RSES amháin (do Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre), plean forbartha amháin (Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin), 13 athrú ar phleananna forbartha a bhí ann cheana,

10 bplean ceantair áitiúil agus cúig leasú ar phleananna ceantair áitiúil a bhí ann cheana.

I bhFíor 2, léirítear an líon céimeanna athbhreithnithe pleananna reachtúla a cuireadh faoi réir comhairliúcháin, in aghaidh na bliana, ó bhí an bhliain 2010 ann. Léiríonn na sonraí an líon fógraí a tugadh don Roinn (an Roinn) agus do ORP ó bhí Aibreán 2019 ann i ndáil le comhairliúcháin maidir le déanamh pleananna reachtúla, i gcás ina ndearna an Roinn nó an ORP aighneacht. Áiríonn sé sin straitéisí eacnamaíocht agus spáis réigiúnaigh, páipéir shaincheisteanna i leith athbhreithnithe ar phleananna, dréachtpleananna forbartha nó pleananna ceantair áitiúil agus leasuithe ábhartha ar dhréachtpleananna, agus athruithe ar phleananna forbartha nó pleananna ceantair áitiúil.

Léiríonn na sonraí gurbh amhlaidh, thar an tréimhse sin, go raibh an líon iomlán



Fíor 2: An líon céimeanna déanta pleananna reachtúla a fógraíodh le haghaidh comhairliúcháin, sa bhliain, sa tréimhse 2010-2019 (RTPRÁ & ORP)

¹¹ www.cso.ie/en/statistics/construction/planningpermissions

¹² www.noac.ie/wp-content/uploads/2019/10/NOAC-Performance-Indicator-Report-2018-1.pdf

¹³ www.housing.gov.ie/planning/statistics/planning-statistics-1

¹⁴ Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2018: www.pleanala.ie/publications

pleananna reachtúla, go háirithe pleananna ceantair áitiúil, a bhí á n-ullmhú ag údaráis phleanála ag dul i méid go dtí an bhliain 2012, tráth a raibh uasmhéid 113 fhógra ann, ach go bhfuil laghdú tagtha ar a líon ó shin i leith, rud a fhágann go raibh leibhéal íseal 43 ann sa bhliain 2019.


Is dócha gurbh é ba mhó ba chúis leis na líonta ísle sna blianta 2018 agus 2019 ná forálacha alt 11(1)(b) den Acht lenar cuireadh siar athbhreithnithe ar phleananna forbartha fad a bhí bailchríoch á cur ar an gCreat Náisiúnta Pleanála (CNP) sa bhliain 2018 agus fad a bhí trí RSES á nglacadh sna blianta 2019 agus 2020. Bheadh éifeachtaí iarmhartacha aige sin ar Phleananna Ceantair Áitiúil ós rud é gurb iondúil go dtarlaíonn ullmhú na bpleananna tar éis an plean forbartha a dhéanamh. Ach, chomh maith leis sin, d'fhéadfadh cineál timthriallach 6 bliana na bpleananna forbartha a bheith ina chúis le tréimhsí a bheith ann inar lú an líon pleananna a dhéantar,

Mar thoradh ar dhéanamh an RSES i dTionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA),

cuireadh tús (agus cuireadh tús athuair) leis an athbhreithniú ar na pleananna forbartha sna contaetha sin agus, tar éis RSES-anna a ghlacadh do na réigiúin eile i dTuaisceart agus in Iarthar na tíre agus i nDeisceart na tíre, tiocfaidh méadú ar líon na n-athbhreithnithe ar phleananna sna contaetha sin ar fud na bliana 2020.

I bhFíor 3, léirítear an líon agus an cion cineálacha éagsúla pleananna ar thug údaráis phleanála fógra ina leith sna blianta 2019 agus 2018 agus ar mhaithe le comparáid sa bhliain 2010. Mar shampla, eisíodh fógraí i leith 14 dhréachtphlean forbartha a fhoilsíú sa bhliain 2010 ach eisíodh fógra amháin sa bhliain 2018 agus sa bhliain 2019.

Is léir gur tháinig méadú ar an líon próiseas athbhreithnithe pleananna forbartha tar éis RSES Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA) a ghlacadh i Meitheamh 2019. Fógraí a eisíodh i ndáil le comhairliúcháin ar pháipéir shaincheisteanna le haghaidh ceithre phlean forbartha in 2019, agus cuireadh tús arís le hathbhreithniú ar phlean forbartha amháin sa cheantar EMRA¹⁶.



Fíor 3: An líon céimeanna déanta pleananna a fógraíodh le haghaidh comhairliúcháin sna blianta 2019, 2018 agus 2010¹⁵ (RTPRÁ & ORP)

¹⁵ Gan fógra le haghaidh comhairliúcháin faoi Scéimeanna Pleananna do Chriosanna Forbartha Straitéisí a áireamh.

¹⁶ Tugtar achoimre i gCuid I den tuarascáil seo Measúnú ar Phleananna Reachtúla ar na príomhshaincheisteanna a thagann chun cinn le linn measúnaithe agus measúnachtaí arna ndéanamh ag ORP in 2019.

Pleananna Ceantair Áitiúil

Ceanglaítear Pleananna Ceantair Áitiúil a ullmhú i ndáil le gach ceantar atá ainmnithe mar bhaile (sa daonáireamh is déanaí dá bhfuil ann) agus ina bhfuil daonra is mó ná 5,000 duine. I gcoitinne, ní mór Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú le haghaidh bailte inar mó ná 1,500 an daonra, gan bailte a chur san áireamh ar ina leith a dhéantar cuspóirí le haghaidh na lonnaíochtaí sin a chuimsiú sa phlean forbartha faoi alt 10(2) den Acht. Ina theannta sin, féadfaidh an t-údarás pleanála Pleananna Ceantair Áitiúla roghnacha a ullmhú. De réir cuntais áirithe, dealraíonn


sé go bhfuil roghnú á dhéanamh údaráis phleanála i leith cuspóirí le haghaidh bailte beaga a chuimsiú sna pleananna forbartha seachas Pleananna Ceantair Áitiúil ar leithligh a ullmhú. De ghnáth, maireann tréimhse feidhme Pleananna Ceantair Áitiúil 6 bliana.

I dTábla 1 anseo thíos, tugtar liosta bailte daonáirimh den chineál is mó, in ord daonra, ar liosta é a tiomsaíodh ó thuairisceáin dhaonáireamh 2016 na Príomh-Oifige Staidrimh, mar aon le liosta blianta inar ullmhaigh an t-údarás áitiúil iomchuí an plean reachtúil do na bailte sin.

Lonnaíocht	Daonra (POS 2016)	Plean Reachtúil	An Bhliain inar Glacadh an Plean
Droichead Átha	40,956	Plean Forbartha Chomhairle Buirge Dhroichead Átha 2011-2017	2011
Sord ¹⁷	39,248	Ní raibh aon Phlean Ceantair Áitiúil ná aon phlean forbartha baile ann	Níl infheidhme
Dún Dealgan	39,004	Plean Forbartha Dhún Dealgan agus a Phurlán 2009-2015	2009
Bré	32,600	Plean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Bhré 2018-2024	2018
An Uaimh	30,173	Plean Forbartha na hUaimhe 2009-2015	2009
Cill Chainnigh	26,512	Plean Forbartha Chathair Chill Chainnigh 2014-2020	2014
Inis	25,276	Plean Chomhairle Bhaile na hInse agus a Purláin 2008-2014	2008
Ceatharlach	24,272	Plean Forbartha Bhaile Cheatharlach agus an Cheantair Máguaird 2012-2018 (atá le fáil i gComhphlean Spásúlachta do Mhórchearantar Uirbeach na Gráige-Cheatharlach 2012-2018) - fadaíodh a ré go dtí an bhliain 2022 Plean Forbartha Bhaile Cheatharlach 2012-2018	2012 2012
Trá Lí	23,691	Plean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Thrá Lí 2018-2024	2018
Droichead Nua	22,742	Plean Ceantair Áitiúil Dhroichead Nua 2013 - 2019 - fadaíodh a ré go dtí mí na Nollag 2021	2013 (fadaíodh a ré sa bhliain 2018)
Port Laoise	22,050	Plean Ceantair Áitiúil Phort Laoise 2018– 2024	2018

Tábla 1: Sceideal na mbailte daonáirimh móra agus dáta foilsithe a bpleananna reachtúla

¹⁷ Glacadh Máistirphleananna neamhreachtúla Shoird i mBealtaine 2019.



Léiríonn an tábla go ndearnadh na pleananna ceantair áitiúil atá ann cheana féin (nó an plean forbartha do na seanchomhairlí baile agus do na seanchomhairle contaebhuirge atá ann cheana féin¹⁸) i gcás cuid mhór de na bailte is mó atá ann sa tír a ghlacadh níos mó ná 6 bliana ó shin. D'fhéadfadh sé go léiríonn an patrún sin, i dtaca le seanphleananna de, an staid ar fud na tíre. Tá ról fíorthábhachtach ag pleananna ceantair áitiúil i ndáil lena chinntiú go ndéantar an máthairphlean forbartha, agus an beartas náisiúnta agus an beartas réigiúnach, a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil agus tá sé riachtanach aghaidh a thabhairt iontu ar shaincheistanna leanúnacha maidir le cúrsaí pleanála. Is comhartha é sin ar ábhar tosaíochta a mhéid a bhaineann le sean-Phleananna Ceantair Áitiúil a bhaineann le lonnaitheacht den sórt sin a athbhreithniú nuair a cheanglaítear le reacht déanamh amhlaidh agus nuair is cuí déanamh amhlaidh.

Criosanna Forbartha Straitéisí (CFS-anna)

Is é atá i CFS ná scéim pleanála a dhéanann

údarás pleanála de bhun ordú Rialtais ina n-ainmnítear láithreán nó láithreáin lena bhunú nó lena mbunú mar chrios forbartha straitéisí d'fhonn forbairt shonraithe lena ngabhann tábhacht eacnamaíochta nó tábhacht shóisialta a éascú¹⁹. De ghnáth, clúdaíonn siad láithreáin fairsinge atá suite in áiteanna straitéiseacha, amhail ceantar Dhughthailte Bhaile Átha Cliath (CFS na Lotaí Thuaidh agus Dhuga na Canálach Móire).

De ghnáth, gabhann tréith fhorordaitheach ag scéimeanna den sórt sin i dtaca le cineál, foirm agus leagan amach na forbartha atá le héascú agus i dtaca le riachtanais bhonneagair na forbartha lena mbaineann, gan trácht ar nithe eile. Tar éis scéim a cheadú, ní mór don údarás pleanála cead a dheonú i gcás ina bhfuil togra maidir le forbairt i gcomhréir leis an scéim agus ní mór diúltú d'fhorbairt nach bhfuil i gcomhréir leis an scéim. Dá bhrí sin, soláthraíonn CFS-anna cinnteacht shuntasach d'fhorbróirí.

Tá 11 scéim den sórt sin ceadaithe ag an mBord Pleanála ó bhí an bhliain 2003 ann

agus ceadáíodh an chuid ba mhó díobh sin (seacht gcinn) ó bhí an bhliain 2012 ann. Ceadáíodh trí cinn ó bhí an bhliain 2018 ann.

Bainistíocht na Forbartha

An líon iarratas ar Phleanáil


De ghnáth, is ionann líon na n-iarratas ar phleanáil a dhéantar chuig údaráis phleanála gach bliain agus léiriú ar threochtaí eacnamaíochta forleathana. Léiríonn an líon iomlán iarratas ar phleanáil a tíolacadh sa bhliain 2019 méadú beag ar fhiigiúr na bliana 2018, ach tharla an méadú sin mar chuid de mhéadú suntasach ar leibhéal ghníomhaíochta ón mbliain 2013 ar aghaidh.

Léirítear an méid sin i bhFíor 4 ina dtaispeántar go ndearnadh corradh beag le 30,000 iarratas chuig údaráis phleanála sa bhliain 2019. Is ionann an figiúr sin agus tuairim is 30% den bhuaic ab airde riamh, is é sin le rá, os cionn 90,000 iarratas sa bhliain

2006 le linn na tréimhse ar a dtugtar “Ré an Tíogair Cheiltigh”.

Iarratais ar Phleanáil a Bhailíochtú

Is doiciméid chasta dhlíthiúla iad iarratais ar phleanáil agus úsáidtear iad mar bhonn le haghaidh cinntí pleanála agus ní mór iad a ullmhú go cúramach le gur féidir faisnéis chuí a thabhairt ina leith agus chun dianmheastóireacht ar thograí a bhaineann le cúrsaí forbartha a chumasú. D'fhéadfadh sé tarlú go ndearbhófar go bhfuil iarratas ar phleanáil nach bhfuil na doiciméid chuí ag gabháil leis ag céim thosaigh an tíolactha, amhail na fógraí poiblí cuí, táillí, agus mionsonraí, lena n-áirítear foirmeacha agus cóipeanna de líníochtaí, neamhbhailí agus go gcuirfear ar ais chuig an iarratasóir iad, sula mbreithnítear a thuillteanais theicniúla agus a thuillteanais bheartais, ar an mbonn nár chomhlíon an t-iarratas na réamhriachtanais i leith meastóireachta.



Fíor 4: Iarratais phleanála in aghaidh na bliana sa tréimhse 2000-2019 (RTPRÁ 2020)

¹⁸ I gcás seanchomhairlí baile agus seanchomhairlí contaebhuirge ar cuireadh deireadh leo sa bhliain 2014, leanfaidh na pleananna forbartha atá ann cheana féin do na lonnaitheacht sin d'éifeacht a bheith acu go dtí go nglacfar an plean forbartha nua.

¹⁹ Faoi alt 166 den Acht.

Le 10 mbliana anuas, tá leibhéal na n-iarratas neamhbhailí sin, mar chéatadán de na hiarratais ar fad, tar éis fanacht ag ráta measartha cobhsaí, is é sin le rá, sa raon ó mheán náisiúnta 13.9% sa bhliain 2015 go 16.4% sa bhliain 2019 agus bhí meán 15% ann i dtaca leis na hiarratais a rinneadh thar an tréimhse sin.

Bíonn éagsúlacht mhór áfach idir leibhéal na n-iarratas neamhbhailí idir údaráis áitiúla. Mar shampla, sa bhliain 2018 bhí ráta 34.4% i Liatroim agus 4.3% i Muineachán, i gcomparáid le ráta náisiúnta 15.5%. Tá macasamhail an phatrúin sin le fáil i ndáil le blianta eile freisin.

De réir scrúdú a rinneadh ar rátaí neamhbhailíochtaithe le 5 bliana anuas, thabharfaí le fios go bhfuil leibhéal iarratas neamhbhailí ann maidir le húdaráis phleanála áirithe ar leibhéal iad atá níos airde²⁰ nó níos ísle²¹ go comhsheasmhach (3 bliana as 5 bliana ar a laghad) agus go suntasach ná an meán (baineann Tábla 2 leis an ábhar seo).

Maidir leis na sonraí a leagtar amach i dTábla 2, tugtar le fios iontu nach ndealraíonn na leibhéil iarratas neamhbhailí mar chéatadán

d'iarratais ar fad a bheith ina saincheist a bhaineann go sonrach le ceantair thuaithe nó ceantair uirbeacha, ós rud é go bhfaightear na leibhéil éagsúla sa dá chomhthéacs. Ina theannta sin, cé go mbíonn méid na neamhbhailíochta a mheasann an t-údarás pleanála iomchuí a bheith ag baint le hiarratais ar phleanáil ag brath go mór ar chaighdeán na ndoiciméad a thíolacann iarratasóirí agus a gcuid gníomhairí, is gá do ORP scrúdú níos déine a dhéanamh ar an tsaincheist seo chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an imríonn caighdeán na ndoiciméad iarratais, nó an imríonn cleachtas áitiúil, nó an imríonn an dá ní sin le chéile, tionchar ar athruithe, ar bhonn náisiúnta, i ndáil le leibhéal na n-iarratas neamhbhailí.

Réimse é seo a bhfuil sé i gceist ag an ORP tuilleadh anailíse a dhéanamh air tríd an bhfeidhm taighde agus athbhreithnithe. Príomhábhar béime a bheidh ann dea-chleachtas agus foghlaim a chur chun cinn i measc údaráis áitiúla i dtéarmaí cláir a dtéann roinnt údarás ina mbun le linn a bheith ag obair leo siúd a bhfuil iarratais ar phleanáil á n-ullmhú acu d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas go cuí maidir leis an tslí ina gcomhlíonfar ceanglais reachtúla.

Nóta: Sna boscaí glasa, tarraingítear aird ar chásanna inar mó an ráta neamhbhailíochtaithe, agus sna boscaí buí, léirítear cásanna inar lú an ráta neamhbhailíochtaithe ná an meán náisiúnta os cionn an diallas caighdeánach don bhliain atá i gceist.

An Bhliain	2015	2016	2017	2018	2019
Iarratais neamhbhailí mar % de na hiarratais ar fad a fuarthas	13.9%	14.3%	15.3%	15.5%	16.4%
Diallas caighdeánach	6.7%	6.8%	6.9%	7.3%	6.9%
Ceatharlach	24.0%	18.9%	20.4%	28.9%	25.3%
An Cabhán	4.6%	5.5%	7.0%	7.2%	10.3%
An Clár	9.9%	9.1%	3.9%	5.0%	5.7%
Contae Chorcaí	23.7%	24.3%	25.2%	22.6%	22.0%
Dún na nGall	17.9%	19.4%	18.9%	16.7%	20.2%
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	5.0%	13.3%	14.2%	18.8%	14.6%
Fine Gall	9.9%	10.5%	14.8%	14.5%	14.0%
Contae na Gaillimhe	5.0%	6.7%	6.5%	5.0%	10.5%
Ciarraí	7.9%	7.0%	7.6%	9.6%	10.0%
Cill Dara	15.5%	13.4%	15.2%	14.0%	12.8%
Cill Chainnigh	8.6%	6.8%	6.9%	9.9%	10.2%
Laois	22.3%	24.1%	21.2%	19.0%	18.1%
Liatroim	27.2%	27.4%	27.8%	34.4%	28.2%
Cathair & Contae Luimnigh	10.5%	8.4%	11.2%	8.5%	9.0%
An Longfort	11.1%	17.9%	13.1%	11.6%	10.9%
Lú	14.4%	13.3%	11.5%	15.6%	17.5%
Maigh Eo	6.0%	4.5%	4.8%	5.5%	5.6%
An Mhí	18.1%	14.7%	13.8%	17.6%	20.8%
Muineachán	10.6%	5.4%	2.3%	4.3%	4.1%
Uíbh Fhailí	13.2%	12.3%	16.2%	13.7%	16.7%
Ros Comáin	21.1%	21.5%	19.2%	19.6%	23.9%
Sligeach	20.4%	19.8%	15.1%	15.8%	20.2%
Baile Átha Cliath Theas	5.3%	8.3%	9.9%	7.9%	7.2%
Tiobraid Árann	14.2%	18.7%	28.9%	25.3%	29.2%
Cathair & Contae Phort Láirge	14.3%	14.3%	10.4%	10.4%	13.3%
An Iarmhí	9.5%	6.1%	10.8%	11.0%	10.0%
Loch Garman	7.7%	11.5%	22.6%	23.6%	20.5%
Cill Mhantáin	24.6%	23.8%	17.9%	21.3%	20.0%
Cathair Chorcaí	4.8%	2.8%	4.0%	9.9%	16.8%
Cathair Bhaile Átha Cliath	15.7%	17.3%	16.8%	16.9%	21.3%
Cathair na Gaillimhe	5.8%	5.3%	7.6%	6.7%	4.3%

Tábla 2: Iarratais neamhbhailí mar % de na hiarratais ar fad: Samplaí d'Eisceachtaí i gcomparáid leis na Meáin Náisiúnta (Staitisticí Bliantúla Pleanála RTPRÁ 2020)



²⁰ Tá ráta neamhbhailíochtaithe an údaráis pleanála níos mó ná an meánráta náisiúnta de mhéid atá níos mó ná an diallas caighdeánach.

²¹ Tá ráta neamhbhailíochtaithe an údaráis pleanála níos ísle ná an meánráta náisiúnta de mhéid atá níos mó ná an diallas caighdeánach.

Ceadanna Pleanála a Deonaíodh


Ina theannta sin taispeánann na sonraí gurbh amhlaidh, sa bhliain 2019, gur deonaíodh cead (nó fuarthas cead pleanála), corradh beag le 89% de na hiarratais ar phleanáil, rud a léiríonn laghdú beag i gcomparáid leis an mbliain 2018 agus an treocht laghdaitheach leanúnach ar léir í a bheith ann ó bhí an bhliain 2016 ann. Ach tá an ráta don bhliain 2019 comhsheasmhach le rátaí arda i leith deonú atá tagtha chun cinn le deich mbliana anuas nó mar a thaispeántar i bhFíor 5.

Níltear cinnte faoi na cúiseanna leis an treocht sin ach, de réir dealraimh, tá comhchoibhneas inbhéartach ann leis an treocht maidir le hiarratais a dhéantar gach bliain (i gcomparáid le Fíor 4). Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh rátaí arda ceadaithe a bheith ina léiriú ar bheartais níos soiléire i bpleananna reachtúla agus ar chultúr


méadaitheach i leith caidreamh dearfach réamhiarratais idir iarratasóirí agus údaráis phleanála.

Léiríonn scrúdú a rinneadh ar chinntí pleanála sa 31 údarás pleanála ar fad i rith na bliana 2019 go bhfuil rátaí ceadaithe an-ard ann sna húdaráis go léir, is é sin le rá, sa raon ó 80% go ráta atá gar do 98% (baineann Fíor 6 leis an ábhar seo). Is ionann sin agus a rá gur lú go mór an ráta athrúcháin atá ann ná mar is amhlaidh sa phróiseas a bhaineann le bailíochtú.

Ina theannta sin, léiríonn na sonraí gurb iondúil go mbíonn rátaí ceadaithe rud beag níos ísle ann sna cathracha agus sna bailte is uirbí ná mar is amhlaidh i gcás údaráis tuaithe agus d'fhéadfadh sé gurb é is cúis leis sin ná leibhéal castachta níos airde na n-iarratas i gceantair uirbeacha.




Fíor 5: Rátaí deonaithe iarratas pleanála 2010-2019 (RTPRÁ 2020)




Fíor 6: An céatadán de na hiarratais a deonaíodh agus ar diúltaíodh dóibh, de réir údarás pleanála, 2019 (RTPRÁ 2020)

Ina theannta sin, is ceart an méid sin thuas a thuiscint i gcomhthéacs líonta iomlána deonuithe agus diúltuithe a dtugtar mionsonraí ina leith i bhFíor 7. Cé gur dhealraitheach nach bhfuil aon

chomhchoibhneas soiléir ann idir an líon iomlán iarratas a bhreithnigh údarás pleanála agus an ráta deonaithe/diúltaithe, bheadh athbhreithniú de chineál níos fadtéarmaí úsáideach mar fhoinsé faisnéise.



Fíor 7: Líon na gcinntí chun cead a dheonú agus cead a dhiúltú de réir údarás pleanála, 2019 (RTPRÁ 2020)




Fíor 9: An líon iarratas ar phleanáil a deonaíodh cead ina leith de réir cineál úsáide 2014, 2018, 2019 (POS 2020)

Iarratais a Deonaíodh: Dáileadh Réigiúnach

I dtéarmaí an éilimh ar fhorbairt (an líon iarratas ar phleanáil a ceadaíodh), léiríonn na figiúirí comhchruinnithe daonra, de réir mar is léir i bhFíor 8. Bhí an líon ba mhó ceaduithe ann laistigh de cheantar EMRA áit a ndearnadh tuairim is 45% de na hiarratais ar fad, go háirithe i mBaile Átha Cliath. Rinneadh tuairim is 37% de na hiarratais ar fad i gceantar SRA ina bhfuil trí chathair (Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge). Rinneadh tuairim is 19% de na hiarratais i gceantar NWRA ina gcuimsítear ionaid fáis réigiúnacha Chathair na Gaillimhe, Shligigh agus Leitir Ceanainn.


Léiríonn sonraí na bliana 2019 leibhéal gníomhaíochta forbartha atá go mór níos airde i gceantar EMRA i gcomparáid le ceantair SRA agus NWRA. Ach, i gcoitinne, tá cion na gceaduithe atá ann i measc na dtionól réigiúnach i gcomhréir le cion an daonra atá ann i ngach réigiún ar leith (EMRA - 2.3 milliún nó 47%; SRA - 1.6 milliún nó 34%; agus NWRA - 0.85 milliún nó 18%²²).




Fíor 8: Iarratais phleanála a deonaíodh de réir ceantar Tionól Réigiúnaigh 2019 (POS 2020)

Iarratais a Deonaíodh: An cineál úsáide

De réir mar is léir i bhFíor 9, is í an fhorbairt chónaithe an aicme is mó amach is amach a mhéid a bhaineann leis an líon iarratas pleanála a ceadaíodh in aghaidh na bliana. Is san earnáil sin freisin a tharla an fás is tapa ar thograí a bhaineann le cineál úsáide agus tá méadú faoi dhó, nach mór, tagtha ar an líon ceadanna a deonaíodh ó bhí an bhliain 2014 ann. I bhfianaise thábhacht na hearnála cónaithe don gheilleagar, díreofar go háirithe iarratais ar phleanáil le haghaidh forbairt chónaithe sa roinn seo. Chomh maith leis sin, agus i bhfianaise na práinne méadaithe maidir le hathrú aeráide a mhaolú, mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais ar son na hAeráide 2019, díreofar ar fhuinneamh in-athnuaite sa roinn seo freisin.





Fíor 10: Aonaid chónaithe a deonaíodh ceadú ina leith sa tréimhse 2009-2019 (POS 2020)

Iarratais a Deonaíodh: Tithíocht

An meascán cineálacha aonaid tithíochta

Tá an t-éileamh ar fhorbairt chónaithe agus an cineál aonad cónaithe a bheartaítear ina bpríomhtháscairí maidir le folláine an gheilleagair. Tá léiriú le fáil air sin sa líon agus sa chineál aonad cónaithe atá beartaithe in iarratais ar phleanála agus sa líon agus sa chineál aonad a cheadaítear sa deireadh mar thoradh ar an gcóras pleanála. Sa bhliain 2019, fuair 40,252 aonad cónaithe cead pleanála. Tá an líon tithe²³ agus árasán a cheadaíodh in aghaidh na bliana idir 2010 agus 2019 léirithe i bhFíor 10.

Cé go raibh an treocht i leith ceaduithe le haghaidh tithe agus árasán mar an gcéanna i rith bhlianta an chúlaithe eacnamaíochta, nuair a bhí an téarnamh ar siúl i dtaca leis an ngeilleagar de, tharla an téarnamh ag ráta níos tapa i gcás ceaduithe le haghaidh tithe ná mar ab amhlaidh i gcás aonaid árasáin. Sa bhliain 2019, tháinig fás tapa ar líon na n-aonad árasáin a cheadaíodh (méadú 125% ar an mbliain 2018). 20,582 aonad a bhí i gceist

agus b'ionann sin agus líon níos mó ná an líon tithe a cheadaíodh (19,670) den chéad uair riamh.


Tá roinnt cúiseanna ann i leith na dtreochtaí thuas, lena n-áirítear lainseáil 'Éire a Atógáil - Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine' ag an Rialtas i mí Iúil 2016, a raibh mar phríomhchuspóir aige tuilleadh tithe cónaithe a thógáil agus feabhas a chur ar an soláthar tithíochta, agus bhí sprioc ann 25,000 teach cónaithe breise, a chur ar fáil ar an meán in aghaidh na bliana faoin mbliain 2021²⁴.

De bhreis ar an méid sin thuas, mar thoradh ar Forbairt Tithíochta Straitéisí (FTS) a thabhairt isteach i mí Iúil 2017 éascaíodh iarratais dhíreacha chuig an mBord Pleanála i ndáil le scéimeanna beartaithe le haghaidh 100+ aonad²⁵. De réir na sonraí is déanaí maidir le ceaduithe pleanála, is léir go bhfuil ról níos tábhachtaí ná riamh ag FTS i ndáil le ceaduithe pleanála a thabhairt le haghaidh aonaid chónaithe.

²³ Tá gach tagairt de 'tithé' ag tagairt d'fhorbairtí aonair agus forbairt go leor tithe.

²⁴ www.rebuildingireland.ie

²⁵ Agus na céimeanna tosaigh maidir leis na feidhmeanna nua reachtúla agus na comhairliúcháin réamhiarratais á gcur san áireamh, ní dhearnadh aon chinneadh maidir le hiarratais FTS sa bhliain 2017.



Fíor 11: Aonaid chónaithe a cheadaíodh sa tréimhse 2018-2019 (POS 2020)

Léirítear i bhFíor 11, an briseadh síos ar an gcineál aonad cónaithe a fuair cead tríd iarratais a rinneadh chuig údarais áitiúla agus tríd iarratais SHD. Ar an iomlán, éascaíodh 60% de na haonaid árasáin a cheadaíodh in 2019 tríd an bPróiseas Forbartha Straitéisí Tithíochta.


Ar an gcaoi chéanna, cheadaigh údarais áitiúla forbairt shuntasach árasáin chomh maith. Cé gur thit líon na dtithe a cheadaigh údarais áitiúla 8% idir 2018 agus 2019, tháinig ardú 56% ar líon na n-aonad árasáin a cheadaíodh (beagnach 3,000 aonad) sa tréimhse chéanna.

Tharla an treocht sin an tráth chéanna is a d'fhoilsigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil na treoirlínte pleanála reachtúla faoi alt 28 den Acht, inar tacaíodh go láidir le forbairt árasán, lena n-áirítear Caighdeán Deartha d'Árasáin Nua²⁶ agus na Treoirlínte

maidir le hAirde Foirgneamh²⁷ a eisíodh sa bhliain 2018. Mar thoradh ar Cheanglais Shonracha i leith Beartas Pleanála a thabhairt isteach sna treoirlínte sin, agus mar thoradh ar thacaíocht reachtach le haghaidh na gceanglas sin, sruthlíníodh éagsúlacht mhéadaitheach i dtaca le caighdeán i réimse phleananna forbartha na n-údarás áitiúil. De bhreis air sin, tríd an gCreat Náisiúnta Pleanála a ghlacadh sa bhliain 2018, rinneadh fás dlúth agus athghiniúint agus dlúthú lonnaíochtaí uirbeacha a chur chun cinn go tréan. I dteannta a chéile, tá na tacaíochtaí reachtacha, rialála agus beartais atá curtha ar fáil chun feabhas a chur ar chinnteacht maidir le gnéithe pleanála an phróisis soláthair tithíochta tar éis ról tábhachtach a bheith acu i ndáil le níos mó cinnteachta a chur ar fáil i dtaca le níos mó cineálacha tithíochta agus i ndáil le meascán níos leithne tithíochta a chur ar fáil.

²⁶ Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Dearaidh d'Árasáin Nua d'Údarais Phleanála (RTPRÁ 2018): www.housing.gov.ie/planning/guidelines/apartments/design-standardsnew-apartments-guidelines-planning-authorities-march.

²⁷ Forbairt Uirbeach agus Airde Foirgneamh, Treoirlínte d'Údarais Phleanála (RTPRÁ 2018): www.housing.gov.ie/planning/guidelines/urban-development-and-building-height/urbandevelopment-and-building-height-3



Fíor 12: Tithe agus árasáin a ceadaíodh, de réir tionól réigiúnach 2019 (POS 2020)

Suíomh na n-aonad cónaithe a ceadaíodh

De réir mar is léir i bhFíor 12 thíos, tá difríocht mhór idir na réigiúin i dtaca le cantam iomlán na n-aonad cónaithe agus na gcineálacha aonad cónaithe a ceadaíodh sa bhliain 2019. Bhí 64% ar an iomlán (25,673 aonad) de na haonaid chónaithe go léir a deonaíodh cead dhóibh sa bhliain 2019 suite i gceantar EMRA, i gcomparáid le 26% (10,471 aonad) i gceantar SRA agus 10% (4,108 n-aonad) i gceantar NWRA agus níl na figiúirí sin ag teacht le dáileadh an daonra idir na réigiúin lena mbaineann²⁸.

Léiríonn na mionsonraí atá ann i bhFíor 13 go bhfuil forbairt chónaithe i gceantar EMRA níos dlúithe ná na ceantair eile agus seo a leanas miondealú ina leith sin:

- Bhí beagnach 64% (16,419 n-aonad) de na haonaid chónaithe go léir a ceadaíodh i gceantar EMRA suite laistigh de na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath (réigiún Bhaile Átha Cliath san RSES)²⁹.
- Bhí beagnach 30% (7,597 n-aonad) de na haonaid chónaithe a ceadaíodh i gceantar EMRA suite laistigh de na contaetha thart


ar Bhaile Átha Cliath, is é sin le rá, Cill Dara, LÚ, an Mhí agus Cill Mhantáin (réigiún an Oirthir san RSES)³⁰.

Maidir leis na haonaid chónaithe go léir a fuair ceadú in Éirinn sa bhliain 2019 (40,252):

- Bhí beagnach 60% díobh (24,016 aonad) suite i réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Oirthir.
- Bhí 41% díobh (16,419 n-aonad) suite sna ceithre údarás i mBaile Átha Cliath.

Is díol suntas é freisin an cineál aonad cónaithe a ceadaíodh laistigh de cheantar EMRA sa mhéid gurbh árasáin a bhí ann i gcás beagnach 67% (17,111 aonad) de na haonaid a ceadaíodh. Tá codarsnacht ann idir an staid sin agus an staid atá ann sna ceantair eile Tionóil Réigiúnaigh, áit ina raibh árasáin ina gcion i bhfad níos lú de na haonaid a ceadaíodh, is é sin le rá, 23% i gceantar SRA agus 26% i gceantar NWRA.

Bhí dáileadh aonad árasáin i gceantar EMRA mar an gcéanna le dáileadh aonad cónaithe i gcoitinne agus bhain siad leis na ceithre



Fíor 13: Tithe agus árasáin a ceadaíodh, de réir Réigiún Cathrach agus réigiún an Oirthir 2019 (POS 2020)

údarás i mBaile Átha Cliath, áit inarbh árasáin iad 86% de na haonaid go léir a ceadaíodh sa bhliain 2019.

Bhí os cionn 82% de na hárasáin go léir a ceadaíodh sa réigiún suite i limistéar na ceithre údarás i mBaile Átha Cliath agus bhí beagnach 69% de na hárasáin go léir a ceadaíodh sa tír ar fad suite sa limistéar sin (féach Fíor 13). Maidir le tithe, is iad 27% agus 11.7%, faoi seach na figiúirí atá i gceist.

Bhí 16.7% de na hárasáin a fuair ceadú sa réigiún, nó beagnach 14% den fhigiúr náisiúnta, suite i réigiún an Oirthir. Nuair a chuirtear figiúirí Bhaile Átha Cliath agus réigiún an Oirthir le chéile, is sna ceantair sin a bhí níos mó ná 82% de na haonaid árasáin go léir a ceadaíodh in Éirinn sa bhliain 2019 suite. Tugann sé sin le fios go ceaduithe le haghaidh forbairt chónaithe ag éirí níos dlúithe ná riamh a mhéid a bhaineann leis an líon iomlán aonad agus le aonaid de chineál ard-dlúis i mBaile Átha Cliath agus sna ceantair údaráis áitiúil thart ar Bhaile Átha Cliath.


Is deacair comparáidí a dhéanamh idir ceantar Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge mar gheall ar mhéideanna na gcathracha sin agus mar gheall ar shocruithe éagsúla i leith teorainneacha riaracháin. Ach is léir ó Fhíor 13 go bhfuil an cóimheas idir forbairt árasán agus forbairt tithe i bhfad níos ísle i ngach ceann ar leith de na cathracha cúigeacha nuair a dhéantar comparáid le Baile Átha Cliath, ach amháin i gcás Chathair na Gaillimhe. Ba aonaid árasáin iad beagnach 73% de na haonaid chónaithe ar fad a ceadaíodh i gCathair na Gaillimhe. I gcomparáid leis an bhfigiúr sin, bhí níos lú 24% ann i gCathair Chorcaí, bhí 185% ann i Luimneach agus bhí 19.2% ann i bPort Láirge.

Maidir leis an dáileadh geografach i leith an éilimh ar fhorbairt tithíochta sna cúig réigiún cathrach, déileáiltear tuilleadh leis faoi Forbairt Straitéiseach Tithíochta, mar a léirítear thíos.

²⁸ EMRA - 2.3 milliún nó 48%; SRA - 1.6 milliún nó 34%, agus NWRA - 0.85 milliún nó 18% (sonraí POS don bhliain 2016).

²⁹ Mar a dhéantar cur síos air sa EMRA RSES or leathanach 7: www.emra.ie/dubh/wp-content/uploads/2020/05/EMRA_RSES_1.4.5web.pdf

³⁰ Mar a dhéantar cur síos air sa EMRA RSES or leathanach 7: www.emra.ie/dubh/wp-content/uploads/2020/05/EMRA_RSES_1.4.5web.pdf



Fíor 14: An líon iomlán teaghaisí, tithe agus árasáin a críochnaíodh in aghaidh na bliana, 2015-2019 (POS 2020)

Aonaid chónaithe a chríochnú

Tugtar tacaíocht don soláthar tithíochta i gcoitinne trí stoc ceadanna pleanála inchurtha i bhfeidhm a chothabháil agus a fheabhsú. I bhFíor 14, taispeántar go bhfuil leathnú comhsheasmhach déanta ar an earnáil tógála le cúig bliana anuas d'fhonn méadú a dhéanamh ar an ráta tógála ar tháinig méadú go níos mó ná 21,000 aonad sa bhliain 2019 ó níos lú ná 7,500 sa bhliain 2015.

Forbairt nach Forbairt Chónaithe í


Mar atá léirithe i bhFíor 9 (líon iarratas a ceadáíodh de réir cineál úsáide), is ionann an líon iarratas ar phleanáil a ceadáíodh maidir le forbairt nach forbairt chónaithe í agus cion suntasach de na ceadanna pleanála ar fad. Faightear daingniú ina leith sin i bhFíor 15 ina ndéantar achar urláir iomlán na bhforbairtí a ceadáíodh a leagan amach de réir cineál úsáide.

Is iad na ceadanna a bhaineann leis an réimse talmhaíochta an chatagóir is mó forbartha nach forbairt chónaithe í, de réir achar urláir, agus tá méadú suntasach tagtha ar líon

na gceaduithe sin le blianta beaga anuas. Ó nádúr, bíonn foirgnimh thalmhaíochta mór agus sin an fáth go bhfuil achar urláir suntasach ann ina leith, ar achar é ina raibh os cionn 1 mhilliún méadar cearnach sa bhliain 2019. Thabharfadh an treocht sin le fios go bhfuil earnáil talmhaíochta mhéadaitheach ann, agus nuachóiriú á dhéanamh uirthi, agus is é is cúis leis sin, go páirteach, ná feabhsú leanúnach ar bhainistiú dramhaíola agus ar shaoráidí coinnithe ainmhithe mar fhreagairt ar cheanglais rialála i réimse na cosanta comhshaoil.

A mhéid a bhaineann leis na hearnálacha tionscail neamhphríomha, tá méadú suntasach tagtha ar cheadanna atá ceadaithe ag údarais phleanála, lena n-áirítear an Bord Pleanála.

Bhí achar iomlán an spáis urláir de chineál tionscail agus monarúcháin a ceadáíodh sa bhliain 2019 (383,000 m²) níos mó ná dhá oiread an spáis sa bhliain 2018 (178,000 m²) agus bhí sé beagnach cúig oiread an spáis a ceadáíodh sa bhliain 2014 (78,000 m²).



Fíor 15: Achair urláir iomlána atá ceadaithe de réir cineál úsáide (neamhchónaitheach) (POS 2020)

Mar an gcéanna, tá méadú faoi cheathair tagtha ar an earnáil thrádála³¹ agus, a mhéid a bhaineann le spás oifige (i leith na n-earnálacha airgeadais/árachais) tá méadú 50% tagtha air ó bhí an bhliain 2014 ann.

An earnáil fuinnimh in-athnuaite

I measc na gcatagóirí éagsúla neamhchónaitheacha a bhaineann le hiarratais ar phleanáil, tá an earnáil fuinnimh in-athnuaite tar éis teacht chun bheith ina mór-réimse oibre don córas pleanála agus déantar scrúdú achomair ar an earnáil sin anseo thíos. Léiríonn na sonraí go bhfuil go bhfuil cumasú gníomhachaithe leibhéal substaintiúil foinsí malartacha leictreachais atá báúil don aeráid ina mhórthosaíocht do chóras pleanála na hÉireann ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil.

Fuinneamh Gaoithe

Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha go tapa ar an acmhainneacht i leith fuinneamh gaoithe sa stát agus tá os cionn 250 feirm ghaoithe fheidhmiúil ann, mar aon le hacmhainneacht shuiteáilte 3,700MW³². Déantar iarratais ar fheirmeacha gaoithe mórscála (is é sin, feirmeacha gaoithe ina bhfuil níos mó ná 25 thuirbín nó ar mó ná 50 meigeavata a n-aschur iomlán) go díreach chuig an mBord Pleanála. De bhreis air sin, déantar achomharc chuig an mBord Pleanála i ndáil le cuid mhór iarratas ar fhorbairt feirme gaoithe fothairsí. Soláthraíonn sonraí an Bhoird léiriú ar an ngníomhaíocht sa réimse sin.

Sa bhliain 2019, rinneadh dhá iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (SFB) chuig an mBord i ndáil le forbairt feirmeacha

³¹ Is é an míniú a thugann POS air sin foirgnimh, lena n-áirítear 'Foirgnimh thrádála agus riaracháin i gcomhair gníomhaíochtaí eacnamaíochta eile'.

³² <https://www.iwea.com/about-wind/facts-stats>

gaoithe (24 thuirbín gaoithe i nDoire Fhada, Co. an Longfoirt; agus tionscadal athchumhachtaithe 13 thuirbín gaoithe sa Bhearnas Mór, Co. Dhún na nGall³³³⁴. Bhí seacht bhforbairt maidir le fuinneamh gaoithe ina n-ábhar d'achomhairc (dhá iarratas le haghaidh tuirbíní singilteacha, iarratas amháin le haghaidh athshuíomh dhá thuirbín, trí iarratas ar shé thuirbín an ceann, agus iarratas amháin le haghaidh seacht dtuirbín)³⁵. De bhreis air sin, tharla comhairliúcháin réamhiarratais leis an mBord i ndáil le naoi gcás ar leithligh a bhain le forbairt suas go 25 thuirbín gaoithe.

I dtaca le cinntí pleanála de, rinneadh SFB amháin i leith forbairt fuinnimh gaoithe a cheadú sna hArd-doiriú, Co. na Gaillimhe le haghaidh 25 thuirbín³⁶. Mar thoradh ar achomhairc, rinneadh feirm ghaoithe tuirbín sa Chúil, Co. na hIarmhí, agus dhá fheirm ghaoithe tuirbín a cheadú i mBaile Mhánais, Co. Chill Mhantáin, agus i gCill Rois, Co. Laoise, agus, tar éis achomhairc, ceadaíodh sé fheirm ghaoithe tuirbín i mBarr na dTaobhán/Lios Ardachaidh, Co. Chorcaí.

Ina theannta sin, bhí gníomhaíocht shuntasach ann i dtaca le comhairliúcháin leanúnacha réamhiarratais SFB leis an mBord maidir le forbairt fuinnimh gaoithe, lena n-áirítear forbairt ghaolmhar nó forbairt fhoghabhálach (ceangail eangaí, fostáisiúin etc.) a bhfuil gá leo chun forbairt/forbairtí fuinnimh gaoithe atá ann cheana féin a éascú nó chun barrfheabhsú a dhéanamh ar fhorbairt den sórt sin trí fhorbairt chomhlántach (e.g. saoráidí stórála cadhnra).

Cumhacht ghréine

Sna blianta is déanaí atá imithe tharainn, mar thoradh ar an spéis mhéadaitheach in earnáil an fhuinnimh gréine fhótavoltaigh (PV gréine), tá méaduithe móra tagtha ar na leibhéil iarratas ar phleanáil le haghaidh na catagóire measartha nua fuinnimh in-athnuaite seo.

Faoi láthair, níl ach ionad an-bheag ag PV gréine san earnáil fuinnimh in-athnuaite agus, de réir SEAI, meastar gur chuir sé 11GWh, nó 0.1%, den fhuinneamh in-athnuaite ar fad in Éirinn sa bhliain 2017³⁷. Ach léiríonn 245MW d'acmhainneacht shuiteáilte a ndearnadh conradh ina leith chun í a cheangal den eangach faoi lár na bliana 2018 go bhfuil an earnáil á leathnú³⁸.

Léiríonn scrúdú ar shonraí de chuid an Bhoird Pleanála go bhfuil gníomhaíocht shuntasach ar siúl san earnáil a mhéid a bhaineann le mórfhorbairt PV gréine. Ach ní hionann forbairt PV agus Forbairt Bonneagair Straitéisí agus tagann iarratais ar fhorbairt den sórt sin os comhair an Bhoird mar achomhairc in aghaidh cinntí de chuid údaráis áitiúla maidir le cúrsaí pleanála. Tráth scríofa na tuarascála seo, ní raibh aon sonraí náisiúnta ar fáil maidir leis an ráta achomhairc i leith cinntí maidir le PV gréine. Dá bhrí sin, ní féidir glacadh le hachomhairc agus cinntí maidir le hachomhairc ach amháin mar tháscaire leathan maidir leis an éileamh ar PV gréine.

I rith na bliana 2019, fuarthas 19 n-achomharc i leith cinntí de chuid údaráis phleanála maidir le hiarratais le haghaidh feirmeacha gaoithe a bhí beartaithe agus, mar thoradh ar achomhairc, d'eisigh an Bord cinntí chun 28 gcás a bhain le feirmeacha gréine a dheonú³⁹.

³³ Nóta: bheadh an tionscadal seo ina chúis le glanchaillteanas 12 thuirbín gaoithe ón bhfeirm ghaoithe atá ann cheana féin.

³⁴ Uimhreacha tagartha an Bhoird Pleanála: 303592, 306303.

³⁵ Uimhreacha tagartha an Bhoird Pleanála: 305235, 304198, 303677, 304685, 304807, 305861, 305163.

³⁶ Uimhreacha tagartha an Bhoird Pleanála: 303086.

³⁷ Renewable Energy in Ireland (SEAI 2019) www.seai.ie/publications/Renewable-Energy-in-Ireland-2019.pdf

³⁸ *ibid.*

³⁹ Nóta: ní fhreagraíonn an líon cásanna a fuarthas agus an líon cásanna a cinneadh dá chéile ó tharla go bhféadfadh sé tarlú go dtíolactar cásanna i mbliain áirithe agus go gcinntear iad an bhliain ina dhiaidh sin.

“

Tá gníomhaíocht shuntasach ann i dtaca le comhairliúcháin leanúnacha réamhiarratais SFB leis an mBord maidir le forbairt fuinnimh gaoithe

Ba é a bhí san achar a chlúdaigh na 28 gcás a ceadaíodh ná thart ar 1270ha (43.7ha ar an meán) bhí achar ar leithligh gach ceann ar leith díobh sa raon ó 8ha go beagnach 153ha. Tá acmhainn aschuir iomlán na bhforbairtí a ceadaíodh éiginnte ós rud é nach soláthraítear aon fhigiúr maidir le naoi gcás ach is é atá in aschur iomlán sonraithe fuinnimh na gcásanna eile ná méid níos mó ná 450MW (24MW ar an meán le haghaidh na 19 gcás).


Maidir le dáileadh geografach an PV gréine a ceadaíodh tar éis achomhairc, bhain na cásanna go formhór le háiteanna i leath theas na tíre. Bhain tromlach na gcásanna a ceadaíodh le Co. Chorcaí, áit ar ceadaíodh ocht gcás. Ceadaíodh ceithre cás an ceann i Loch Garman agus i bPort Láirge, trí chás sa Mhí agus dhá chás an ceann i gCill Mhantáin agus sa Chlár, mar aon le cás amháin an ceann i gCill Chainnigh, san Iarmhí agus i gCiarraí. Níor diúltaíodh ach do thrí chás mar thoradh ar achomharc.

I bhfianaise ról uathúil ORP maidir le próiseas na bpleananna forbartha, agus i bhfianaise na béime a leagaimid ar phleanáil straitéiseach, beidh na foinsí sonraí i ndáil le hathnuaiteáin ina n-ábhar tábhachtach taighde chun faireachán éifeachtach ar bheartais a chumasú.


Achomhairc Phleanála agus Iarratais Dhíreacha chuig an mBord Pleanála

I bhFíor 16, léirítear an líon achomharc a rinneadh chuig an mBord Pleanála, mar aon leis an gcéatadán de na hiarratais go léir a bhí ina n-ábhar d'achomharc, ar bhonn bliantúil don tréimhse 2010-2019. Tháinig laghdú beagnach 45% ar an líon achomharc idir na blianta 2010 agus 2013, rud a léirigh an treocht ghéar anuas i dtaca leis an líon achomharc ó thús an chúlaithé airgeadais.

Ach tháinig méadú tuairim is 40% ar an líon achomharc in aghaidh na bliana sa tréimhse idir 2013 agus 2017, rud a léiríonn an téarnamh



Fíor 16: An líon iomlán achomharc agus an céatadán de na hiarratais go léir a ndearnadh achomharc ina leith in aghaidh na bliana, 2010-2019 (An Bord Pleanála 2020)



Fíor 17: An meánráta náisiúnta cealaithe (mar thoradh ar achomharc chuig an mBord) (An Bord Pleanála 2020)

i dtaca leis an ngeilleagar de agus an méadú foriomlán ar an líon iarratas ar phleanáil sa tréimhse sin.

Is léir ón líne threochta gur fhan an ráta achomhairc bliantúil ag leibhéal measartha seasmhach thar an tréimhse chéanna d'ainneoin gur tháinig laghdú beag air de réir mar a bhí an cúlú airgeadais ag dul in olcas. Go dtí seo, ní léir go bhfuil aon mhéadú comhréireach ar an ráta achomhairc bliantúil de réir mar a bhí an téarnamh eacnamaíochta ar siúl agus tháinig laghdú beag ar an ráta idir na blianta 2018 agus 2019.

Sa tréimhse chéanna, tá treocht laghdaitheach ann le fada maidir le ráta cealaithe cinntí údarás pleanála ag an mBord, de réir mar is léir ó Fhíor 17.


Sa bhliain 2010, chealaigh an Bord 36.4% de chinntí údarás pleanála (nó cuireadh ar neamhní iad). Tháinig laghdú ar an bhfigiúr sin de réir a chéile chuig 23% sa bhliain 2018 sular tháinig méadú beag air sa bhliain 2019 chuig 25%.

Tugtar sonraí i bhFíor 18 le haghaidh 2014,

2018 agus 2019 ar rátaí cealaithe don 31 údarás áitiúil. Is ceart a bheith an-chúramach le linn na figiúirí sin a léiriú ós rud é go bhféadfadh sé go mbíonn líon an-íseal achomharc ann gach bliain, go háirithe sna húdarais is lú agus sna húdarais faoin tuath. Sa bhliain 2019, mar shampla, ní dhearnadh ach trí achomharc in aghaidh cinntí pleanála i Liatroim, i gcomparáid le 336 i gcathair Bhaile Átha Cliath.

D'ainneoin sin, breithneoidh ORP, mar chuid de réimse taighde amach anseo, i gcomhar leis an mBord Pleanála agus an RTPRÁ, déantar scrúdú mionsonraithe ar na rátaí cealaithe bliantúla níos fadtéarmaí agus ar na cúiseanna atá le héagsúlacht sna rátaí sin ar fud na n-údarás áitiúil.

D'fhéadfadh sé tarlú go gcinnfí, mar thoradh ar anailís den chineál atá luaite, go n-áiríonn na nithe is cúis leis an leibhéal cealuithe sin difríochtaí idir cur i bhfeidhm bheartas an Rialtais agus threoirlínte alt 28 ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, is é sin le rá, a mhéid a bhaineann le dlús agus cineál tionscadal tithíochta uirbí agus, chomh maith leis sin, dlús agus cineál tithíochta tuaithe.



Fíor 18: An ráta cealaithe mar thoradh ar achomharc, de réir údarás pleanála, sna blianta 2014, 2018 agus 2019 (An Bord Pleanála 2020)

Iarratais Dhíreacha chuig an mBord Pleanála

Forbairt Bonneagair Straitéisigh

Déantar iarratais le haghaidh Forbairt Bonneagair Straitéisigh (FBS), idir fhorbairtí poiblí agus fhorbairtí príobháideacha, go díreach chuig an mBord Pleanála. Ina measc sin, áirítear raon mórthionscadal bonneagair fuinnimh, bonneagair iompair, bonneagair comhshaoil nó bonneagair sláinte atá ainmnithe faoin Seachtú Sceideal den Acht. Ina theannta sin, áiríonn siad tionscadail áirithe tarchurtha leictreachais, mar atá sainithe faoi alt 182(1A) den Acht. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh FBS iarratais phríobháideacha ó eintitis phríobháideacha nó ó ghnóthairí reachtúla⁴⁰, sin nó tionscadail phoiblí atá á mbeartú ag údaráis áitiúla. Tá 298 n-iarratas SID san iomlán déanta chuig an mBord Pleanála ón tráth ar tháinig na forálacha reachtúla i bhfeidhm sa bhliain 2007.

De réir Nóta Eolais an Bhoird don bhliain 2019⁴¹, fuarthas 26 cás iarratais FBS sa bhliain 2019, sin méadú sé chás i gcomparáid leis an mbliain 2018, agus cinneadh 21 chás sa bhliain 2019, i gcomparáid le 14 chás sa bhliain 2018⁴².

Tá sé éigeantach dul i mbun comhairliúcháin réamhphleanála leis an mBord i ndáil le cásanna FBS ach ní bhaineann sé sin le húdaráis áitiúla. Fuarthas 38 n-iarraidh ar an iomlán ar chomhairliúcháin réamhiarratais agus cuireadh 41 cás den sórt sin i gcrích sa bhliain 2019 i gcomparáid le 58 n-iarraidh agus 39 gcás chríochnaithe sa bhliain 2018.

Forbairt Tithíochta Straitéisí

Is gá iarratais ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí (FTS) a dhéanamh go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás ina gcuimsíonn

na hiarratais tograí le haghaidh 100 teach nó níos mó, 200 spás leapa nó níos mó le haghaidh cóiríocht mhac léinn nó 200 spás leapa le haghaidh aonaid chóiríochta comhroinnte. Tháinig na forálacha reachtúla i bhfeidhm i mí Iúil 2017 agus fuarthas an chéad iarratas sa bhliain 2018. Sa bhliain 2019, fuarthas 118 n-iarratas bhailí le haghaidh forbairtí tithíochta straitéisí (FTS) agus léiríonn an figiúr sin méadú suntasach ó 38 n-iarratas sa bhliain roimhe sin. Cinneadh 82 chás san iomlán sa bhliain 2019.

Tá sé éigeantach dul i mbun comhairliúcháin réamhiarratais leis an mBord i ndáil le cásanna TBS. Le linn na bliana 2019, rinneadh 150 iarraidh ar chomhairliúcháin chuig an mBord, i gcomparáid le 97 in 2018 agus 36 in 2017. D'eisigh an Bord tuairim i leith 148 n-iarraidh ar chomhairliúcháin in 2019.


D'fhéadfadh líon (agus suíomh) na n-iarrataí ar chomhairliúcháin FTS a bheith ina tháscaire fóna maidir leis an líon iarratais FTS a bheidh ann amach anseo (Féach fíor 19). Sa roinn seo, tá scrúdú déanta againn ar an líon iarrataí ar chomhairliúcháin FTS atá déanta i ngach ceann ar leith de na cúig réigiún cathrach chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an mhóimintim le haghaidh forbairt FTS laistigh de na cúig réigiún cathrach i rith na dtrí bliana ar lena linn atá an próiseas FTS i bhfeidhm.

Mar thoradh ar athbhreithniú ar iarrataí a fuair an Bord Pleanála i leith dul i mbun comhairliúcháin FTS, is léir gurb iad údaráis phleanála Réigiún Bhaile Átha Cliath (mar a rinneadh cur síos air sa EMRA RSES) is mó a mbíonn éileamh ar FTS, agus b'ionann sin agus beagnach 56% de na hiarrataí ar fad ar chomhairliúcháin FTS sa bhliain 2019. Tá méadú tagtha ar sciar céatadánach Réigiún

⁴⁰ Duine atá údaraithe le haon achtachán nó ionstraim reachtúil, nó faoi aon achtachán nó ionstraim reachtúil, chun dul i mbun feidhmeanna sonraithe lena n-áirítear, inter alia, obair nó tógáil a dhéanamh (alt 2 den Acht).

⁴¹ Athbhreithniú Achomair an Bhoird Pleanála maidir le Cásobair don bhliain 2019: www.pleanala.ie/news/An%20Bord%20Plean%C3%A1la%202019%20Casework%20Review.pdf

⁴² Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Pleanála: www.pleanala.ie/publications/2019/ar2018.pdf



Fíor 19: Iarrataí ar Chomhairliúchán Tithíochta Straitéisí a taisceadh in aghaidh na bliana, 2017, 2018 agus 2019 (An Bord Pleanála 2020)

Bhaile Átha Cliath gach bliain ón tráth ar tugadh isteach FTS. Nuair a chuirtear an réigiún sin in éineacht le Réigiún an Oirthir atá thart air (mar a dhéantar cur síos air san EMRA RSES), is sna hocht n-údarás pleanála sin a rinneadh 78% de na harrataí ar chomhairliúchán in 2019. Is léir gurb é Réigiún Bhaile Átha Cliath is mó a spreagann sin, ós rud é gur thit an líon iarrataí i réigiún an Oirthir de bheagán idir na blianta 2018 agus 2019.

Tugann líon na n-iarrataí ar chomhairliúchán FTS le fios go bhfuil ardú réasúnta ag teacht ar éileamh le haghaidh FTS i réigiún chathrach Luimnigh agus na Gaillimhe, ach ar an gceann is fearr de, tá éileamh socair agus sciar den chéatadán atá ag titim (8%) i réigiún cathrach Chorcaí (síos ó 13% in 2018). Ní raibh aon fhianaise ann go raibh éileamh ann i réigiún cathrach Phort Láirge in 2019. Lasmuigh den chúig réigiún cathrach agus de réigiún an Oirthir, tá fianaise ann go bhfuil ardú ag teacht ar éileamh, sé sin 7% de gach iarraidh, ag ardú ó 1% in 2018.

Forfheidhmiúchán maidir le Pleanáil

Foilsíonn Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) forléargas bliantúil ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a chuireann an 31 údarás áitiúil i gcrích⁴³. Sa bhliain 2018 (arb í an bhliain is déanaí a bhfuil figiúirí ar fáil ina leith), bhí 6,637 gcás forfheidhmiúcháin pleanála ann san iomlán, ar cásanna iad a chuir daoine den phobal faoine mbráid nó a bhí tionscanta ag na húdaráis iad féin. B'ionann sin agus méadú 1% i gcomparáid leis an bhfigiúr sa bhliain 2017.

I gcomparáid leis an mbliain 2017, tháinig méadú 3% ar an líon cásanna a réitíodh chun sástacht an údarais áitiúil (5,578) agus, maidir leis an líon cásanna a dírbheadh mar chásanna fánacha nó mar chásanna gan bhunús, nó a dúndadh mar gheall ar urchosc reachta nó ó tharla gurbh fhorbairt dhíolmhaithe a bhí ann, tháinig laghdú air ó 3,401 go 2,478 ón mbliain 2017 go dtí an bhliain 2018.

Amach anseo, beidh réimse an fhorfheidhmiúcháin ina ábhar taighde níos mionsonraithe don ORP.

Sonraí Iomchuí Eile

Cúrsaí Airgeadais: gnóthú costas

Léiríonn na staitisticí airgeadais (arb í an bhliain 2018 an bhliain is déanaí a bhfuil ráitis bhliantúla iniúchta airgeadais ar fáil ina leith) a bhaineann le húdaráis áitiúla agus atá foilsithe ag RTPRÁ go raibh an t-ioncam iomlán ó tháillí níos mó ná €24m sa bhliain 2018 agus léiríonn an figiúr sin méadú os cionn €2m i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin⁴⁴.

Tugann na sonraí le fios go bhfuil an costas a ghabhann le seirbhísí pleanála (pleanáil chun cinn, bainistíocht forbartha agus forfheidhmiúcháin), arbh é a bhí ann sa bhliain 2018 ná €140m) go mór os cionn an ioncaim a fhaightear ó tháillí úsáideoirí. Sa bhliain 2018, ba é a bhí san ioncam ó tháillí pleanála, ar táillí iad nach bhfuil méadú tagtha orthu ó bhí an bhliain 2001 ann agus ar táillí iad a dtagann a méid faoi chúram an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ná suim níos lú ná 17% de na costais oibríochtúla (agus níos lú ná 30% den chostas a bhaineann le seirbhísí bainistíochta forbartha amháin a sholáthar, is é sin le rá, €82m).

I gcomparáid leis sin, seo a leanas cóimheasanna idir ioncam agus caiteachas a bhaineann le seirbhísí eile de chuid údarais áitiúla:

- Tithíocht agus foirgníocht: 98%
- Bóithre, iompar agus sábháilteacht: 63%
- Seirbhísí comhshaoil: 30%.

Tá an próiseas pleanála tar éis teacht chun bheith i bhfad níos sofaisticiúla le blianta beaga anuas, go háirithe maidir le cur i

bhfeidhm Treoracha Eorpacha a bhaineann le réimse an chomhshaoil agus a mhéid a bhaineann le déanamh pleananna agus cinnteoireacht. Ina theannta sin, tá fás ag teacht ar éileamh i ndáil le hinfheistíocht i seirbhísí pleanála ar líne ina dteastaíonn infheistíocht shuntasach i riachtanais chrua-earraí agus bhogearraí de ghnáth. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go nglactar táillí úsáideora glactha san áireamh sa chostas a bhaineann leis na seirbhísí atá de dhíth a chur ar fáil mar thoradh ar cheanglais reachtúla.

Gníomhachtú Talún

Amhail an 31 Deireadh Fómhair 2019, bhí 359 láithreán liostaithe i gCláir Láithreán Folamh (CLF-anna) na n-údarais áitiúil agus, sa bhliain 2019, bhain luach €144.5m leis na láithreáin sin agus bhí ráta 7% dlite maidir leis an tobhach ina leith.

Aithníonn ORP na dúshláin a chruthaíonn CLF d'údarais phleanála éigin mar thoradh ar shrianta ó thaobh acmhainní agus scileanna riachtanacha de, go háirithe i gcás na n-údarais nach bhfuil foireann dlí inmheánach acu. I gcás roinnt údarais áitiúla, tá moill ann i dtaca le héifeachtacht CLF mar gheall ar shaincheisteanna dlíthiúla amhail úinéireacht iolrach agus probháidí.

Tá sé beartaithe ag ORP faisnéis bhreise a lorg ó na cláir atá tiomsaithe de réir mar a leantar ar aghaidh leis an reachtaíocht faoi thobhach na láithreán folamh, ó aiseolas faoi chur i bhfeidhm an phróisis agus, chomh maith leis sin, ó mhapáil láithreán ar an gclár agus ó anailís chomparáideach.

⁴³ www.noac.ie/wp-content/uploads/2019/10/NOAC-Performance-Indicator-Report-2018-1.pdf

⁴⁴ Amalgamation of Audited Annual Financial Statement of 31 Local Authorities for the Year Ended 13th December 2018 (DHPLG): www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/amalgamation_of_audited_afs_2018_of_31_las.pdf

Foireann agus Acmhainní

Tá sonraí foriomlána maidir le líon foirne ar fáil ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i leith údarais áitiúla in Éirinn ach níl sonraí ar fáil ar bhonn earnála, amhail an líon iomlán foirne i ranna pleanála nó bóithre na n-údarás áitiúil. Déanann an Bord Pleanála faisnéis mhionsonraithe faoina líon foirne agus faoina chuid acmhainní a fhoilsiú ina Thuarascáil Bhliantúil.

Lorgóidh ORP níos mó faisnéise sonraí faoi infhaighteacht acmhainní foirne, lena n-áirítear foireann phleanála ghairmiúil agus disciplíní eile atá riachtanach i ndáil leis an bpróiseas pleanála laistigh d'údarais áitiúla chun rannchuidiú le tuilleadh taighde agus anailíse ar an gcóras pleanála in Éirinn.

Agóidí Dlíthiúla

Faoi láthair, níl aon bhunachar sonraí cuimsitheach aonair ann ina gcuimsítear athbhreithnithe breithiúnacha (Ab-anna) ar nithe a bhaineann le cúrsaí pleanála san earnáil rialtais áitiúil ina hiomláine, lena n-áirítear an Bord Pleanála.

Ach tá slata tomhais maithe ar fáil i ndáil le staitisticí faoi agóidí dlíthiúla a bhfuil baint acu le pleanáil ar leibhéal Roinne agus ar leibhéal an Bhoird Pleanála agus foilsíonn an Bord sonraí faoi agóidí dlíthiúla in aghaidh a chuid cinntí.

Tá líon iomlán na AB a raibh baint ag an RTPRÁ agus/nó an Bord Pleanála leo leagtha amach i bhFíor 20⁴⁵:

Áiríonn na figiúirí a bhaineann leis an RTPRÁ cásanna a raibh baint ag Ranna eile Rialtais leo (an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta) i gcás inar ainmníodh RTPRÁ mar fhógra-pháirtí.

Idir na blianta 2015 agus 2018, tháinig méadú 28% ar an líon cásanna de chuid an Bhoird Pleanála a ndearnadh agóid dhlíthiúil ina n-aghaidh. Sa bhliain 2018, maidir leis an 41 chás atá luaite thuas, seasadh le 20 ceann díobh, neamhníodh 10 gcinn díobh le hOrdú ón gCúirt agus le toiliú ón mBord.


Leis an Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011, tugadh isteach

na rialacha reatha maidir leis na costais dhlíthiúla speisialta i leith AB-anna. Ba é a bhí i líon na gcásanna AB in aghaidh an Bhoird ar deonaíodh cead ina leith sa bhliain 2010 (an bhliain sular tugadh isteach na rialacha reatha maidir leis na costais dhlíthiúla speisialta) ná 13. Ina dhiaidh sin, tháinig méadú go 47 ar an líon cásanna ar deonaíodh cead ina leith, bhí 41 gcás den sórt sin ann sa bhliain 2018 agus bhí 55 chás den sórt sin ann sa bhliain 2019. Tá méadú seasmhach ag teacht ar an líon cásanna AB ó bhí an bhliain 2011 ann.

Maidir le cásanna a bhí ar siúl fós ag deireadh na bliana 2019, bhí 190 cás ann a raibh baint ag an mBord Pleanála leo agus bhí 46 chás ann a raibh baint ag RTPRÁ leo.

D'fhéadfadh cuid mhór rudaí a bheith ina gcúis le dlíthíocht phleanála, ach, gan ach athbhreithniú randamach a dhéanamh ar an nithe a bhaineann le hathbhreithnithe breithiúnacha ar chúrsaí pleanála, is léir go mbaineann forais cuid mhór iarratais an modh a cuireadh ceanglais reachtúla treoracha AE maidir le cúrsaí comhshaoil i bhfeidhm, amhail Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT), Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus, chomh maith leis sin, na Treoracha maidir le Gnáthóga, maidir leis an gCreat Uisce agus maidir le Rannpháirtíocht an Phobail (Aarhus).

I gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, leis an tSeirbhís Chúirteanna, leis an earnáil Rialtais Áitiúil agus leis an mBord, féachfaidh ORP le bunachar sonraí athbhreithnithe breithiúnacha níos cuimsithí a fhorbairt i ndáil le hagóidí dlíthiúla san earnáil phleanála d'fhonn rianú níos mionsonraithe a dhéanamh ar na treochtaí agus ar na gnéithe athfhillteacha a bhaineann le breithiúnais ar nithe iad sin ar féidir leas a bhaint astu chun aiseolas a chur ar fáil i leith an eolais faoi phleanáil, faoi thaighde agus faoi chlár oiliúna ar leibhéal náisiúnta.



Fíor 20: Agóidí dlíthiúla 2017, 2018, 2019

⁴⁵ D'fhéadfadh baint a bheith ag an mBord Pleanála agus ag RTPRÁ le cásanna mar pháirtithe iontu.





**Oifig an
Rialaitheora Pleanála**
Office of the
Planning Regulator